




AN COIMISIÚN UM ACHOMHAIRC CHÁNACH
TAX APPEALS COMMISSION

Tuarascáil Bhliantúil 2019



www.taxappeals.ie



Clár Ábhair

Réamhrá	3
Gluais	4
Athchóiriú ar an gCóras Achomhairc Chánach	9
Bunús Reachtúil an Choimisiúin um Achomhairc Chánach	11
Feidhmeanna an Choimisiúin um Achomhairc Chánach	12
An Eagraíocht	13
Aschuir is Tábhachtaí agus Gníomhaíochtaí Seirbhíse Poiblí	14
Achomhairc Reatha	16
Achomhairc Iarmharacha	18
Achomhairc roimh Bhunú	19
Cásanna Sonraithe	20
Forléargas ar Shocruithe	21
Athbhreithniú ar Ualach Oibre agus ar Oibríochtaí an TAC	45
Staidreamh	47
Rialachas agus Riarachán	65
Maoiniú agus Caiteachas	72
Aguisín – Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí	73

Réamhrá

I gcomhréir le halt 21 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015, tá áthas orainn an ceathrú tuarascáil bhliantúil seo de chuid an Choimisiúin um Achomhairc Chánach a chur i láthair.

Ba bhliain shuntasach í 2019 don Choimisiún um Achomhairc Chánach (TAC) ina ndearna an Coimisiún leasuithe suntasacha maidir le soláthar a chuid seirbhísí dá pháirtithe leasmhara. Tá mionsonraí iomlána na hoibre ag an TAC leagtha amach i gcaibidil an Staidrimh sa tuarascáil seo, ach is fiú aird a tharraingt ar roinnt pointí faoi leith:

- Dhún an TAC 1,584 achomharc le linn 2019; bhí candam airgid timpeall €665m i gceist sna hachomhairc a dúnadh.
- Rinne an TAC 111 socrú in 2019 agus glanadh candam timpeall €60m.
- Chuir an TAC 224 éisteacht ar an sceideal do 2019 agus tá 112 breise ar an sceideal do 2020 agus candam iomlán €181m i gceist. Cuirfear éisteachtaí breise ar an sceideal in imeacht na bliana.

Ní bheadh aon chuid de seo indéanta gan tiomantas agus gan dícheall fhoireann an Choimisiúin le linn 2019. Tá an t-ádh orainn go bhfuil scoth foirne againn agus is mór againn a dtacaíocht agus a gcúnamh le linn na bliana seo caite.

Chomh maith leis sin, earcaíodh baill thábhachtacha foirne agus thosaigh siad ar obair sa Choimisiún um Achomhairc Chánach in 2019. Orthu sin bhí triúr Coimisinéirí Achomhairc Sealadacha a cheap an tAire Airgeadais, Paschal Donohoe T.D. Thosaigh na Coimisinéirí Paul Cummins agus Fiona McLafferty i Meán Fómhair agus thosaigh an Coimisinéir Charles Phelan i mí na Nollag. Ar thaobh an riaracháin, thosaigh Príomh-Oifigeach nua Oibríochtaí, Sinead Boyle, i mí Feabhra agus chuir feachtas earcaíochta 11 duine breise d'fhoireann sa riarachán achomharc, TEF agus Airgeadais. Ar 31 Nollaig 2019 bhí 28 d'fhoireann againn agus 4.5 folúntas fágtha.

Le linn 2019 rinneamar dul chun cinn suntasach ar ár gclár trí bliana leis an eagraíocht a chlaochlú

chun teacht leis na moltaí a rinneadh i dTuairisc O'Donoghue. Bhí áthas orainn ár gCoiste Iniúchta agus Riosca a cheapadh in 2019. Tháinig an Coiste le chéile faoi dhó, agus tá clár iomlán aige do 2020, ag obair i gcomhar lena n-iniúchóirí inmheánacha. Anuas air sin, thosaíomar ar obair ar thionscnaimh shuntasacha TEG a bheidh tábhachtach má tá an Coimisiún um Achomhairc Chánach chun feabhas a chur ar phróiseáil na n-achomharc sna blianta romhainn.

Le linn 2019 chomh maith tháinig feidhm leis an Acht Airgeadais (Rialachán Achomhairc Chánach agus Réamh-Eolaire). I ngeall ar na leasuithe san Acht seo beidh ar chumas an Aire Airgeadais Cathaoirleach a cheapadh don Choimisiún. Is ceapachán suntasach é sin a dhéanfar in 2020.

Is eol go maith dúinn go bhfuil méid mór oibre fós le déanamh in 2020 agus sna blianta amach romhainn agus ainneoin go dtuigimid méid mór na hoibre atá fós le déanamh, is mór an t-áthas atá orainn go bhfuil na hacmhainní agus na tacaíochtaí againn anois a chuirfidh ar chumas an Choimisiúin teacht lena oibleagáidí agus na dúshláin a bhí roimhe a shárú. Is fearr i bhfad cás an Choimisiúin anois ná an tráth seo bliain ó shin; dar linn go bhfuil feabhsuithe móra déanta cheana agus tá súil againn go leanfar díobh sin in 2020 agus amach ina dhiaidh. Táimid ag súil leis na feabhsuithe sin a chur ar fáil dár bpáirtithe leasmhara.



Mark O'Mahony, Coimisinéir Achomhairc



Lorna Gallagher, Coimisinéir Achomhairc

Gluais

Achomhairc ar athlá roimh éisteacht	Achomhairc a fuair dáta éisteachta ach a cuireadh ar athlá, ar iarratas ó na páirtithe, roimh thús na héisteachta.
Coimisinéir um Achomhairc	Comhalta den Choimisiún um Achomhairc a cheap an tAire Airgeadais de bhun alt 8 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015.
Achomhairc a dúnadh	Achomhairc a críochnaíodh nach n-éilíonn tuilleadh gníomhaíochta ón TAC.
Achomhairc idir lámha	Achomhairc bheo ghníomhacha a éilíonn tuilleadh gníomhaíochta.
Achomhairc a glanadh	Achomhairc a glanadh tar éis comhaontaithe ag an dá pháirtí.
Achomhairc a glanadh roimh éisteacht	Achomhairc a glanadh idir na páirtithe tar éis gur sceidealáíodh an éisteacht, ach roimh thosú dí.
Achomhairc a aistarraingíodh	Achomhairc inar thug an tAchomharcóir le fios don TAC nach mian leis/léi go rachadh a (h)achomharc ar aghaidh.
Achomhairc a díbheadh	Achomhairc a díbheadh de bhun alt 949AV TCA 1997 ó tharla teip ag an Achomharcóir treoir amháin ar a laghad ó na Coimisinéirí um Achomhairc a chomhlíonadh.
Achomhairc a diúltaíodh	Achomhairc a dhiúltaigh na Coimisinéirí um Achomhairc de réir alt 949N TCA 1997.
Achomhairc a socraíodh	Achomhairc a shocraigh an Coimisinéir um Achomhairc gur tugadh an socrú sin do na páirtithe.
A.P.	Príomh-Oifigeach Cúnta
ARCC	Oifig an Ard-Reachtair Cuntais agus Ciste

CBC	Comhdháil Bainistithe Cásanna
Córas Bainistithe Cásanna	Bunachar ina bhfuil mionsonraí gach achomhairc idir bheo agus dhúnta.
C.O.	Oifigeach Cléireachais
E.O.	Feidhmeannach
FLAC	Ionad Comhairle Dlí
FSS	Seirbhísí Comónta Airgeadais
GDPR	Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
Tús leis an éisteacht ach curtha ar athlá	Achomhairc ar tosaíodh ar an éisteacht ach cuireadh sin ar athlá ar fháth amháin ar a laghad díobh seo: éisteacht bhreise a dhéanamh, breis eolais a lorg, breis cáipéisíochta a lorg, tuilleadh ionchur, agus/nó finnéithe freastal.
H.E.O.	Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin
AD	Acmhainní Daonna
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
Achomhairc ina bhfuil ceannródaíocht	Grúpa achomharc ina bhfuil pointí comónta dlí agus/nó fíricí. I gcásanna áirithe, beidh cás trialach ón ngrúpa (an t-achomharc ‘ceannródaíoch’) agus is dócha go mbeidh a shocrú sin infheidhme ar na hachomhairc eile sa ghrúpa.
Achomhairc iarmharacha	Achomhairc a cuireadh isteach chuig loncam roimh bhunú an TAC. Aistríodh na hachomhairc iarmharacha seo chuig an TAC sa dara leath de 2016.

Fógra achomhairc	An doiciméad is túisce a thugann fógra faoi mhian an cháiniócóra achomharc a dhéanamh. Deir alt 949I TCA 1997 gur gá gach iarratas ar achomharc ag an TAC a dhéanamh trí Fhógra Achomhairc a chur isteach.
Oifig na gCoimisinéirí um Achomhairc	An foras ar a dtiteann sé moltóireacht a dhéanamh ar achomhairc chánach roimh bhunú an TAC. Níorbh ann d'Oifig na gCoimisinéirí um Achomhairc tar éis 21 Márta 2016.
OPW	Oifig na nOibreacha Poiblí
Imlíne Argóintí	Imlíne scríofa de na hargóintí ar a mbeidh páirtí ag brath le linn éisteacht an achomhairc, arna thabhairt don TAC de réir alt 949S TCA 1997.
PAS	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
P.O.	Príomh-Oifigeach
Achomhairc roimh bhunú	Achomhairc a bhí idir lámha in Oifig na gCoimisinéirí um Achomhairc roimh 21 Márta 2016.
PSSC	Ionad Seirbhíse Comónta Pá-rolla
Candam	Suim na cánach atá faoi dhíospóid idir na páirtithe, arb ionann é agus an difear idir measúnú loncaim agus an tsuim dar leis an Achomharcóir atá dlite.
loncam	Oifig na gCoimisinéirí Loncaim
SLA	Comhaontú Leibhéal Seirbhíse
Ráiteas Cáis	Achoimre scríofa ar na fíricí agus an fhianaise is rún le páirtí a chur faoi bhráid éisteacht an achomhairc, arna thabhairt ag páirtí don TAC de bhun 949Q TCA 1997.
TAC	Coimisiún um Achomhairc Chánach

TÉARMAÍ A BHAINNEANN LE CÁIN

AVC	Ranníocaíocht Dheonach Bhreise
BIK	Sochar Comhchineáil
CAT	Cáin Fháltas Caipitiúil
CATCA 2003	An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003
CGT	Cáin Ghnóthachan Caipitiúil
CT	Cáin Chorporáide
DIRT	Cáin Choinneála ar Ús Taisce
DWT	Cáin Iarchoimeáda Díbhinne
EII	Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta
HRI	Dreasacht Athchóirithe Tí
IT	Cáin Ioncaim
LPT	Cáin Réadmhaoine Áitiúil
OMSP	Praghas Díola Margaidh Oscailte
ÍMAT	Íoc Mar a Thuillir
PREM	ÍMAT & ÁSPC arna n-íoc ag an bhFostóir
ÁSPC	Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa
PSWT	Cáin Iarchoimeáda Seirbhísí Gairmiúla
RCT	Cáin Chonarthaí Iomchuí
SPCCC	Creidmheas Cánach Cúramóra Linbh do Dhuine Singil

SURE	Athchistithe Tionscnaimh d'Fhiontraithe
TCA 1997	An tAcht Comhdhlúite Cánach 1997, mar a leasaíodh
TCC	Deimhniú Imréitigh Cánach
MSU	Muirear Sóisialta Uilíoch
VATCA 2010	An tAcht Comhdhlúite Cáin Breisluacha 2010, mar a leasaíodh
VRT	Cáin Chláraithe Feithiclí

Athchóiriú ar an gCóras Achomhairc Chánach

Tar éis gealltanais a rinne an tAire Airgeadais, Michael Noonan T.D., i gCáinainéis 2014 chun athchóiriú a dhéanamh ar ról, ar fheidhm agus ar struchtúr Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc (OAC), bunaíodh an Coimisiún um Achomhairc Chánach (TAC) ar an 21 Márta 2016. Pléitear le rialachas, le hoibríochtaí agus le forbairtí an Choimisiúin Achomhairc Chánach, le linn 2016, 2017 agus 2018 i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo.

Ritheadh an tAcht Airgeadais (Rialachán Achomhairc Chánach agus Réamheolaire) 2019 ar an 10 Nollaig 2019 agus bhí tosach feidhme ag forálacha áirithe de chuid an Achta sin le hOrdú Aire ar an 18 Nollaig 2019. De bhun thosach feidhme na bhforálacha sin is féidir leis an Aire Airgeadais Cathaoirleach ar an gCoimisiún Achomhairc Chánach a cheapadh.

Ní fada uainn anois ceapachán an Chathaoirligh ar an TAC agus beidh tionchar suntasach aige sin maidir le rialachas agus le hoibríochtaí an Choimisiúin Achomhairc Chánach.

An tAcht Airgeadais (Rialachán Achomhairc Chánach agus Réamheolaire) 2019

I bhFo-Alt 4F den Acht Airgeadais (Rialachán Achomhairc Chánach agus Réamheolaire) 2019 tugtar de dhualgas don Chathaoirleach bainistiú agus smacht ar riarachán agus ar ghnó an TAC agus aon fheidhmeanna eile a d'fhéadfaí a shannadh faoin Acht. Sainithníonn an tAcht feidhmeanna mar a leanas don Chathaoirleach:

- a chinntiú go mbeidh córais iontaofa cuntasóireachta agus tuairiscithe airgeadais ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach;
- a chinntiú go mbeidh córais chúí rialaithe socraithe chun oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le bainistiú riosca, smacht airgeadais agus oibríochtaí, agus comhlíonadh an dlí;
- a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí maidir leis an tSaoráil Faisnéise;
- a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí maidir leis an gcosaint sonraí;
- a chinntiú go ndéantar feidhmeanna an TAC go héifeachtúil;
- achomhairc a chur in ord tosaíochta le haird ar leas na córa agus oibriú éifeachtúil an Achta agus Cuid 40A den Acht Comhdhlúite Chánacha 1997.

Déanann Fo-Alt 4F foráil go gcuirfidh an Cathaoirleach faoi deara córais agus gnáis éifeachtacha éifeachtúla a bhunú agus a chothabháil sa chaoi go ndéanfar próiseáil, moltóireachta agus socrú maidir le hachomhairc ar bhonn tráthúil éifeachtach. Déanann an reachtaíocht foráil gurb é an Cathaoirleach an t-Oifigeach Cuntais agus beidh sé/sí freagrach

don Aire Airgeadais as bainistíocht éifeachtach éifeachtúil an Choimisiúin agus as a c(h)uid feidhmeanna a chur de/di.

Tugann an tAcht Airgeadais (Rialachán Achomharc Cánach agus Réamheolaire) 2019 feidhm do na hathruithe a leanas ar Chuid 40A den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, mar a leasaíodh;

Tá Alt 949AP d'Acht 1997 leasaithe tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

- '(3) Déanfaidh an fógra dá dtagraítear i bhfo-alt (2) na nithe seo a leanas –
- (a) luafar ann cén t-údar míshástachta leis an socrú atá ag an bpáirtí lena mbaineann sé,
 - (b) luafar ann cén t-údar a cheaptar atá an socrú míchruinn i dtaca le pointe dlí,
 - (c) cuirfear é chuig na Coimisinéirí um Achomhairc tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis an dáta gur tugadh fógra faoina socrú faoi alt 949AJ (1), agus
 - (d) cuirfear é chuig an bpáirtí eile tráth a bheidh sé á chur chuig na Coimisinéirí um Achomhairc'

Tá Alt 949AQ d'Acht 1997 leasaithe tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7)

- '(7A) Cuirfidh an páirtí a iarrann an cás faoi deara na nithe seo a leanas –
- (a) cóip a réiteach de gach foilseán a shonraítear sa chás, agus
 - (b) an chóip de na foilseáin a réitíodh ar an gcaoi sin a áireamh leis an gcás sonraithe agus sin á chur chuig an Ard-Chúirt de réir fho-alt (7).
- (7B) Sa chás nach bhfuil ag an té a shonraigh an cás seilbh ná smacht ná fáil, chun críche fo-alt (7A) a chomhlíonadh, ar chóip d'fhoilseán a shonraítear sa chás sonraithe, is féidir leis an bpáirtí a d'iarr an cás sonraithe a iarraidh ar na Coimisinéirí a chur faoi deara, tríd an bhfógra scríofa, go gcuirfeadh an páirtí eile cóip den fhoilseán ar fáil don pháirtí a d'iarr an cás sonraithe.
- (7C) Sa chás go bhfaighidh na Coimisinéirí Achomhairc iarratas faoi fho-alt (7B) ón bpáirtí a iarrann an cás sonraithe, d'fhéadfadh na Coimisinéirí Achomhairc a chur faoi deara, tríd an bhfógra scríofa, go gcuirfeadh an páirtí eile cóip den fhoilseán ar fáil don pháirtí a d'iarr an cás sonraithe.
- (7D) Sa chás go bhfaighidh páirtí fógra faoi fho-alt (7C) agus go bhfuil smacht nó fáil nó seilbh ag an bpáirtí sin ar an bhfoilseán lena mbaineann an fógra, cuirfidh an páirtí sin cóip den fhoilseán ar fáil tráth nach déanaí ná an t-am a shonraítear san fhógra.

Bunús Reachtúil an Choimisiúin um Achomhairc Chánach

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún um Achomhairc Chánach (TAC) a bhfuil an dualgas air próiseas nua-aimseartha éifeachtúil a sholáthar i ndáil le héisteacht agus moltóireacht a dhéanamh ar dhíospóidí cánach, de réir fhorálacha na reachtaíochta ábhartha.

Is é an tAcht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015, an tAcht Airgeadais (Rialachán Achomhairc Cánach agus Réamheolaire) 2019, an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997, mar a leasaíodh, agus reachtaíocht bhainteach, an reachtaíocht atá i gceist.

Rinneadh dlí den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015 ('an tAcht') faoi lámh an Uachtaráin ar an 25 Nollaig 2015. Chuir an tAire Airgeadais a shíniú leis na horduithe cuí tosaigh feidhme, le feidhm a thabhairt do na forálacha reachtacha nua, ar an 26 Feabhra 2016. Ar an 21 Márta 2016, bunaíodh an TAC agus tháinig an réimeas nua i bhfeidhm le próiseáil a dhéanamh ar achomhairc chánach.

Déanann alt 10 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015 foráil shonrach go mbeidh an Coimisiún agus a chuid comhaltáí neamhspleách agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhme. Lena chois sin, tá forálacha éagsúla in Acht 2015 a thugann de chumhacht do na Coimisinéirí bainistiú níos gníomhaí a dhéanamh ar chásanna ná mar ba ghnách roimhe, rud a dhaingníonn oibríocht neamhspleách an phróisis achomhairc.

Rinneadh forálacha an Achta Airgeadais (Rialachán Achomhairc Cánach agus Réamheolaire) 2019, a leasaíonn Acht 2015 trí chead a thabhairt Cathaoirleach don TAC a earcú agus a dhéanann leasuithe teicniúla eile, a ghníomhú faoi ordú Aire dar dáta 18 Nollaig 2019. Déanfar na hailt eile a ghníomhú le hordú Aire tar éis go gceapfar Cathaoirleach.

Faoi 31 Nollaig 2019, bhí 28 d'fhoireann ag obair ag an gCoimisiún, lena n-áirítear beirt Choimisinéirí Achomhairc, ceathrar Coimisinéirí Sealadacha Achomhairc, triúr Bainisteoirí Cáis agus líon ball foirne riaracháin a thacaíonn le hobair na gCoimisinéirí. Tá Cathaoirleach á earcú faoi láthair.

Déanfaidh an TAC athbhreithniú ar a chuid próiseas reachtaíochta agus ar a sainordú reachtúil ar bhonn leanúnach d'fhonn a chuid próiseas a líomhadh le gurb éifeachtaí a chuid próiseas maidir le hachomhairc a reáchtáil go cuí.

Feidhmeanna an Choimisiúin um Achomhairc Chánach


Is é príomhról an TAC moltóireacht, éisteacht agus socrú a dhéanamh i ndáil le hachomhairc ar chinntí agus ar shocruithe a rinne na Coimisinéirí Ioncaim maidir le cáin agus dleacht. Tá na sainfheidhmeanna ag na Coimisinéirí um Achomhairc leagtha amach in alt 6 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015.

Tá ceangal ar na Coimisinéirí um Achomhairc, agus iad ag comhlíonadh a ndualgas, a chinntiú go bhfuil na cúrsaí faoina mbráid inrochtana, cothrom agus curtha de lámh chomh tapa agus is féidir.

Tá roinnt forálacha in Acht 2015 a bhfuil an cuspóir acu tacú agus slánú a dhéanamh ar neamhchlaontacht agus ar neamhspleáchas na gCoimisinéirí agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhme, mar atá, alt 3 a bhunaíonn an Coimisiún mar chomhlacht corparáideach, alt 6 a bhunaíonn feidhmeanna na gCoimisinéirí um Achomhairc agus alt 10 a chuireann ceangal ar an gCoimisiún a bheith neamhspleách agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige.

Déanann an tAcht Airgeadais (Rialachán Achomhairc Cánach agus Réamheolaire) 2019 foráil i dtaca le Cathaoirleach a earcú don Choimisiún um Achomhairc Chánach. Tá an próiseas maidir le Cathaoirleach a earcú, a bheidh chomh maith leis sin mar Choimisinéir Achomhairc, ar siúl faoi láthair agus an tuarascáil bhliantúil seo á réiteach.

An Eagraíocht



Aschuir is Tábhachtaí agus Gníomhaíochtaí Seirbhíse Poiblí

Is é an cuspóir atá ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach ná a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015 (mar a leasaíodh), an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997 (mar a leasaíodh) agus reachtaíocht bhainteach, agus a chinntiú leis sin gur féidir le gach íocóir cánach a gceart a éileamh, nuair is cuí, ar achomharc ag comhlacht neamhspleách in aghaidh cinntí a rinne Coimisinéirí Ioncaim a chuaigh i bhfeidhm orthu.

Tugann na haschuir agus na gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí seo a leanas eolas maidir le feidhmíocht chun tacú leis an TAC measúnú a dhéanamh ar na haschuir agus na torthaí a thagann ón gcaiteachas poiblí. Tá tábhacht leis seo ó thaobh luach ar airgead a chinntiú agus chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí tríd an maoiniú a thugtar don TAC a nascadh leis na torthaí a cuireadh ar fáil.

Aschuir Ardleibhéil is Tábhachtaí agus Gníomhaíochtaí Seirbhíse Poiblí:

Táscaire	2016	2017	2018	2019	Spríoc aschuir 2020
Achomhairc Chánach a Phróiseáil					
Líon Achomharc Dúnta	206	690	1,438	1,584	1,500
Líon Socruithe a Eisíodh*	26	34	42	111	70
Líon Achomharc Ar Láimh i ndeireadh bliana**	2,151	3,208	3,459	3,370	3,200
Líon Éisteachtaí a sceidealaíodh	n/bh	65	167	224	250
Candam Achomharc ar Láimh***	€1.4bn	€2bn	€4bn	€3.7bn	€3.5bn
Acmhainn na hEagraíochta					
Líon Ball Foirne ag an TAC	7	12.5	19	28	33

* Bhain socrú amháin a rinneadh in 2019 le 32 cás aonair.

** Rinneadh athbhreithniú in 2019 ar gach achomharc a osclaíodh agus a dúnadh ar an gCóras Bainistithe Cásanna ón 21 Márta 2016. Rinneadh athbhreithniú faoi leith ar gach achomharc aonair. Rinneadh anailís ar aon mhíreir nó aon dúbailt agus leasaíodh sin dá réir, rud a d'fhág difear beag idir an figiúr tosaigh agus figiúr Thuarascáil Bhliantúil 2018.

*** Is deacair figiúr a chur ar an gcandam iarbhír, óir is féidir go ndéanfaí modhnú tar éis fógra faoin achomharc a chur isteach (i.e. sa chás go ndéantar gné d'achomharc a shocrú nó a aistarraingt), i gcásanna nach mbíonn na páirtithe ar aon intinn i ndáil le figiúr an chandaim chruinn atá faoi dhíospóid nó sa chás nach féidir i gcónaí luach airgid achomhairc a ríomh (e.g. in achomhairc ina bhfuil an ráta cánach faoi dhíospóid, in achomhairc a bhaineann le Teastais Imreítigh Chánach a dhiúltú, nó sa chás arb ionann an candam faoi dhíospóid agus faoiseamh cailteanas nó asbhaintí a dhiúltú).

Comhthéacs agus Táscairí Tionchair:

Táscaire	2016	2017	2018	2019
Achomhairc Chánach a Phróiseáil				
Deireadh agus cinnteacht a sholáthar d'Achomharcóirí agus do Fhreagróirí i ndáil le dhíospóidí cánach (slat tomhais: Líon achomharc a dúnadh)*	206	690	1,438	1,584
Cinnteacht a sholáthar don státchiste agus don CCP i ndáil leis an gcandam cánach atá dlite – (slat tomhais: Candam cánacha sna hAchomhairc a dúnadh)**	€11m	€241m	€569m	€665m
Soiléire a chur ar fáil faoi léirmhíniú Dhlí Cánach na hÉireann agus cabhrú lena líomhadh agus lena éifeachtúlacht – (slat tomhais: Líon Socruithe a Eisíodh)***	26	34	42	111
Líon Éisteachtaí a sceidealáíodh	n/b	65	167	224

* Rinneadh athbhreithniú in 2019 ar gach achomharc a osclaíodh agus a dúnadh ar an gCóras Bainistithe Cásanna ón 21 Márta 2016. Rinneadh athbhreithniú faoi leith ar gach achomharc aonair. Rinneadh anailís ar aon mhír nó aon dúbailt agus leasaíodh sin dá réir, rud a d'fhág dífeare beag idir an figiúr tosaigh agus figiúr Thuarascáil Bhliantúil 2018.

** Is deacair figiúr a chur ar an gcandam iarbhír, óir is féidir go ndéanfaí modhnú tar éis fógra faoin achomharc a chur isteach (i.e. sa chás go ndéantar gné d'achomharc a shocrú nó a aistarraingt), i gcásanna nach mbíonn na páirtithe ar aon intinn i ndáil le figiúr an chandaim chruinn atá faoi dhíospóid nó sa chás nach féidir i gcónaí luach airgid achomhairc a ríomh (e.g. in achomhairc ina bhfuil an ráta cánach faoi dhíospóid, in achomhairc a bhaineann le Teastais Imréitigh Chánach a dhiúltú, nó sa chás arb ionann an candam faoi dhíospóid agus faoiseamh cailteanas nó asbhaintí a dhiúltú).

*** Bhain socrú amháin a rinneadh in 2019 le 32 cás aonair.

Achomhairc Reatha

Chun críche na tuarascála seo, is ionann 'achomhairc reatha' agus iad siúd a fuarthas ar an 1 Eanáir 2016 nó ina dhiaidh.

Déantar achomhairc reatha a ghlacadh, a phróiseáil agus a shocrú de réir fhorálacha Chuid 40A TCA 1997. Le linn 2019, lean an TAC den mhonatóireacht ar dhul chun cinn ar gach comhad achomhairc reatha agus rinne socrúithe (agus nuair ba chúí, thug treoir) i ndáil le Comhdhálacha Bainistithe Cáis a reáchtáil, tuilleadh eolais agus/nó Ráitis Cáis agus/nó Achoimre Cáis a lorg. Sa chás gurbh fhéidir sin, rinneadh liostú ar achomhairc le haghaidh éisteachta.

In 2019, rinneadh 92 achomharc a liostú le haghaidh éisteachta, rud is ionann agus méadú 23% i comparáid le 2018. Anuas air sin, rinneadh 60 socrú maidir le hachomhairc reatha, rud is ionann agus méadú 240% i gcomparáid le 2018. De réir mar a thiocfaidh deireadh le hachomhairc iarmharacha agus leo siúd a tionscnaíodh roimh bhunú an Choimisiúin, beidh an TAC ábalta a chuid acmhainní a chur i bhfeidhm ar achomhairc reatha.

Tugann an tábla a leanas imlíne ar achomhairc reatha a ghlacadh agus a dúnadh faoi dheireadh 2019:

Bliain	Líon Achomharc Reatha a Glacadh*	Líon Achomharc Reatha a Dúnadh faoi Dheireadh 2019*	Líon Achomharc Reatha atá fanta
2016	901	709	192
2017*	1,747	869	878
2018	1,689	848	841
2019	1,495	658	837
Iomlán	5,832	3,084	2,748

* Rinneadh athbhreithniú in 2019 ar gach achomharc a osclaíodh agus a dúnadh ar an gCóras Bainistithe Cásanna ón 21 Márta 2016. Rinneadh athbhreithniú faoi leith ar gach achomharc aonair. Rinneadh anailís ar aon mhír éir nó aon dúbailt agus leasaíodh sin dá réir, rud a d'fhág difear beag idir an figiúr tosaigh agus figiúr Thuarascáil Bhliantúil 2018.

Cé go raibh méadú suntasach ar an líon achomharc a fuarthas le linn 2017 i gcomparáid le 2016, bhí titim an-bheag ar an líon a fuarthas in 2019 seachas figiúr 2018. Cé go bhfuil méadú suntasach ar an líon achomharc ó 2016, tá méadú freisin ar an líon achomharc a dúnadh. In 2016, dúnadh 196 achomharc san iomlán. Mhéadaigh sé seo go 482 in 2017, 1,101 in 2018 agus 1,305 in 2019.

San iomlán, ón 1 Eanáir 2016, tá 5,832 achomharc reatha glactha ag an TAC agus tá 3,084 ceann dúnta sa tréimhse chéanna, agus 2,748 ar láimh ag an 31 Nollaig 2019.

Tá anailís mhionsonraithe ar chineálacha na n-achomharc ar fáil sa chaibidil Staidrimh. Tá seasmhacht ag baint leis an gcéatadán a fuarthas de réir chineál na cánach; is ionann achomhairc faoi Cháin Ioncaim agus breis agus 42% de na hachomhairc a fuair an TAC. In 2018, bhain 6.6% de na hachomhairc ar fad le níos mó ná cineál cánach amháin, ach tháinig laghdú go 5.5% air seo in 2019.

Léiríonn an staidreamh chomh maith go bhfuil difríochtaí suntasacha sna cineálacha achomhairc a fuarthas, bunaithe ar chúrsaí ar nós castacht ceisteanna agus díospóid faoi cheannábhar cánach, measúnuithe líon blianta faoi achomharc agus candam.

Tá sonraí i gcuid de na táblaí sa chaibidil Staidrimh a bhaineann leis an gcandam atá faoi dhíospóid i ndáil leis na hachomhairc a fuarthas (féach Nóta 1 ar Ich 47 a chuireann síos ar an gcaoi a ríomhtar figiúirí 'candam faoi dhíospóid').

Ar an 31 Nollaig 2019, ba é €379 milliún an t-iomlán candam faoi dhíospóid i ndáil le hachomhairc a fuarthas in 2019 agus, ba é €427 milliún an t-iomlán candam faoi dhíospóid i ndáil le hachomhairc a dúnadh in 2019. Fuarthas seacht n-achomharc sa dá sheachtain deiridh de Nollaig 2019 agus orthu sin bhí comhiomlán €170 milliún de chandam. Ach na hachomhairc sin a fhágáil i leataobh ón iomlán bliantúil i ndáil le candam, is amhlaidh gur €209 milliún an figiúr candam le i ndáil le hachomhairc a fuarthas in 2019.

Achomhairc Iarmharacha

Is ionann achomhairc iarmharacha agus achomhairc an ama atá caite a rinneadh go díreach leis na Coimisinéirí Ioncain sular bunaíodh an TAC. Sa dara leath de 2016, aistríodh 2,758 achomharc iarmharach chuig an TAC de réir Chuid 40A TCA 1997.

Ceapadh an tUas. Conor Kennedy BL ina Choimisinéir Sealadach um Achomhairc Chánach i Meitheamh 2017 agus tugadh de dhualgas dó plé leis na hachomhairc iarmharacha. Rinneadh athnuachan go ceann trí bliana ar cheapachán an Uas. Kennedy i Meitheamh 2019. Tar éis athbhreithniú géarchúiseach a dhéanamh ar na comhaid, cuireadh 1,599 de na hachomhairc i ngrúpa le hachomhairc bhainteacha nó le hachomhairc ina bhfuil ceannródaíocht. I bhfianaise an athbhreithnithe seo, laghdaíodh an líon achomharc aonair ó 2,578 go 1,159. Rinneadh athbhreithniú in 2019 ar gach achomharc iarmharach 21 Márta 2016. Rinneadh athbhreithniú faoi leith ar gach achomharc aonair. Rinneadh anailís ar aon mhír nó aon dúbailt agus leasaíodh sin dá réir, rud a d'fhág difear beag idir an figiúr tosaigh agus figiúr Thuarascáil Bhliantúil 2018.

Bhí líon iomlán 109 achomharc iarmharach a bhaineann le 467 achomharc aonair agus candam €209m i gceist, ar an sceideal le haghaidh éisteachta in 2019. Ón líon iomlán éisteachtaí a bhí ar an sceideal, bhí 37 achomharc a chuaigh chun éisteachta, 13 a socraíodh roimh éisteacht agus cuireadh 59 achomharc ar athlá le ligean do na páirtithe réiteach a chur chun cinn.

Le linn 2019, dúnadh 205 achomharc (i.e. socraíodh, glanadh, aistarraingíodh nó díbheadh iad). Faoi 31 Nollaig 2019, bhí 526 achomharc iarmharach fós ar oscailt. Tá timpeall 250 de na hachomhairc sin curtha chun tosaigh go maith.

Chríochnaigh an Coimisinéir Kennedy 13 shocrú i ndáil le 19 n-achomharc in 2019 le candam €41 milliún. Rinneadh achomharc san Ard-Chúirt maidir le 7 gcinn de na socruithe sin, de réir alt 949AQ TCA 1997. Tá eolas maidir le staid na n-achomharc sin i gCaibidil 11, a dhíríonn ar chásanna a rinneadh.

Bhí éifeacht leanúnach le Comhdhálacha Bainistithe Cásanna maidir le hachomhairc iarmharacha a chur chun cinn, agus bhí 10 gcomhdháil bainistithe cáis ann in 2019, a bhain do 30 achomharc agus candam iomlán €30m.

Tá 23 éisteacht ar achomhairc iarmharacha ar an sceideal do 2020 ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach, a bhaineann le 80 achomharc agus candam €16 milliún.

Achomhairc roimh Bhunú

Is ionann achomhairc roimh bhunú agus achomhairc a bhí idir lámha in Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc roimh bhunú an Choimisiúin um Achomhairc Chánach (TAC).

Bhí 170 achomharc roimh bhunú idir lámha sa TAC ar an 1 Eanáir 2019.

Le linn 2019, rinneadh athbhreithniú grinn ar na 170 achomharc oscailte agus rinneadh beart oiriúnach le cúrsaí a chur chun cinn. Rinneadh anailís ar aon mhíreir nó ar aon dúbailt agus leasaíodh iad dá réir, rud a fhágann nach ionann lena chéile go díreach an figiúr tosaigh agus an figiúr ó Thuarascáil Bhliantúil 2018.

Rinneadh dul chun suntasach agus faoi dheireadh na bliana bhí deireadh curtha le 74 achomharc roimh bhunú, le candam faoi dhíospóid ar fiú €55,690,000 san iomlán é.

De na 74 achomharc a dúnadh, le socrú a dúnadh 45 (áirítear ansin achomharc ina raibh 'ceannródaíocht' nuair ab ionann an socrú i leith 32 achomharc). Díbheadh 7 n-achomharc ón TAC as teip treoir a chomhlánú a thug an TAC de réir alt 949E TCA 1997.

Ba rannpháirtíocht idir pháirtithe ba chúis le glanadh, le comhdhlúthú nó le haistarraingt 22 achomharc roimh bhunú le linn iad dul chun cinn sa TAC. Anuas air sin, liostaíodh 39 achomharc roimh bhunú le candam €39,855,573 le haghaidh éisteachta agus liostaíodh 9 gcinn le haghaidh comhdháil bainistithe cáis.

Níl anois ar oscailt ach 96 achomharc roimh bhunú, ó 31 Nollaig 2019 amach agus tá gach comhad á gcur chun cinn de réir an athbhreithnithe a rinneadh le linn 2019.

Cásanna Sonraithe

Forálann alt 949AP den Acht Comhdhlúite Cánacha gur féidir le páirtí nach bhfuil socrú TAC lena shásamh i ngeall ar earráid maidir le pointe dlí, a iarraidh ar an gCoimisinéir um Achomharc cás a shonrú agus a shíniú le tuairim a fháil ón Ard-Chúirt.

Le linn 2019, chuir na Coimisinéirí síniú le 10 gcás sonraithe de bhun alt 949AQ TCA le go bhféadfaí achomharc a lorg san Ard-Chúirt ar shocruithe.

Le cois na 10 gcás sonraithe, bhí 34 cás roimh bhunú ag an TAC i dtús 2019, i.e. achomhairc a socraíodh agus d'iarr páirtí míshásta cás sonraithe roimh bhunú an TAC. Díobh seo, aistarraingíodh 3 iarratas ar chás sonraithe le linn 2019, agus d'iarr 3 achomharc athéisteachta. Bhí Comhdhálacha Bainistithe Cásanna ann i mí Feabhra 2020 leis na hiarratais ar chásanna sonraithe a chur chun cinn agus tá comhfhreagras ar leanúint i ndáil leis na hiarratais eile. Déanann an TAC na cásanna sonraithe roimh bhunú a phróiseáil de réir na bhforálacha aistrithe atá faoi iamh in ailt 29 agus 30 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015.

Líon Cásanna Sonraithe a glacadh de réir Bliain a Osclaíodh agus Catagóir						
Bliain	Iomlán	Iarmharach	Roimh bhunú	2016	2017	2018
2016	0					
2017	3		1	2		
2018	11	4	5		1	1
2019	10	3	3	1	2	1

In 2019, thug an Ard-Chúirt breithiúnas sna hachomhairc a leanas i gcás sonraithe:

- *Nationwide Controlled Parking Systems -v- Revenue Commissioners [2018] No. 154R;*
- Achomharc i ndáil le socrú 30TACD2018 nach bhfuil foilsithe fós.

Forléargas ar Shocruithe

Tugtar do d'aire, le do thoil, gur tráchttaireacht í an chaibidil seo a aibhsíonn saincheisteanna ábhartha i gcomhthéacs socruithe a rinneadh le linn 2019, agus sin i dtéarmaí ginearálta. Tá tuilleadh sonraí maidir le gach socrú ar fáil ach dul ar ár suíomh gréasáin www.taxappeals.ie

Éilimh ar aisíocaíocht chánach agus teorainn reachtúil tréimhse ceithre bliana.

Déanann na tréimhsí teorann reachtúil a bhfuil feidhm acu ar íocóirí cánach foráil gur gá éilimh ar aisíocaíocht a dhéanamh faoi cheithre bliana ó dheireadh na dtréimhsí cánach lena mbaineann siad.

Tá an TAC tar éis líon socruithe a dhéanamh maidir leis an gceist seo agus thug le fios go neamhbhalbh go mbeifear ag cloí leis an teanga shoiléir reachtúil atá in úsáid lena chinntiú go gcuirtear an riail ceithre bliana i ngach uile chás. Níl de chumhacht ag an TAC gan an riail a fheidhmiú i ngeall ar imthosca maolaitheacha, ná eisceachtaí a chruthú don riail ar fhorais atruacha.

Sa chás gurb eol gur lasmuigh den tréimhse ceithre bliana a rinneadh éileamh, tacóidh an TAC le diúltú na haisíocaíochta, óir tá foráil déanta sa reachtaíocht gur riachtanach éileamh bailí a dhéanamh laistigh den tréimhse reachtúil ceithre bliana.

D'eisigh an TAC na socruithe seo a leanas in 2019 maidir le achomhairc a bhí 'as am':- **14TACD2019, 20TACD2019, 69TACD2019, 70TACD2019 and 01TACD2020.**

Cáin Chláraithe Feithiclí

Faigheann an TAC líon suntasach achomharc sa bhliain i ngeall ar VRT agus le linn 2019 d'eisigh sé 30 socrú maidir leis an VRT.

Baineann cuid mhór de na hachomhairc le heasaontas idir íocóirí cánach agus loncam maidir leis an luach atá le cur ar '*praghas díola margaidh oscailte*' ('OMSP) a bheadh ar fheithicil (féach socruithe **45TACD2019, 53TACD2019, 57TACD2019, 58TACD2019, 60TACD2019, 62TACD2019, 63TACD2019, 64TACD2019, 65TACD2019, 66TACD2019, 67TACD2019, 68TACD2019, 71TACD2019, 11TACD2020, 10TACD2020 agus 11TACD2020**). Go ginearálta, is ionann an '*praghas díola margaidh oscailte*' agus an praghas, gach cáin agus dleacht san áireamh, a bheifí ag dréim a gheobhadh an fheithicil dá ndíolfaí é go neamhthuilleamaíoch sa Stát.

Rinneadh breithniú i leith *'faoiseamh aistrithe cónaí'* i 9 socrú VRT in 2019, mar atá **10TACD2019, 19TACD2019, 27TACD2019, 39TACD2019, 40TACD2019, 43TACD2019, 51TACD2019, 52TACD2019** agus **07TACD2020**. Sna hachomhairc seo, bhí an tAchomharcóir tar éis faoiseamh ó VRT a lorg ar aistriú a gnáthchónaí ón RA go dtí an Stát, de bhun 134(1)(a) den Acht Airgeadais 1992. Leagtar amach in Ionstraim Reachtuil uimh. 59/1993 Rialachán um Cháin Chláraithe Feithicil (Faoiseamh Buan) 1993 na coinníollacha is gá a chomhlíonadh chun cailiú don faoiseamh.

I socrú **10TACD2019** bhí an faoiseamh diúltaithe ag loncam óir cheap siad, ainneoin gur aistríodh 'gnáthchónaí' an Achomharcóra ón RA chun críche na reachtaíochta VRT, d'éiligh paragraf 4(a) de I.R. 59/1993 go mbeadh an fheithicil i seilbh ar feadh tréimhse 6 mhí roimh an aistriú cónaí. Socraíodh gurb é an chiall atá le *'i seilbh agus á úsáid ag . . . tréimhse nach giorra ná sé mhí...'* go mbeidh ceangal ar úinéir feithicle a bheadh ag iarraidh an fhaoisimh a thaispeáint go raibh sé/sí ag úsáid na feithicle sa tréimhse sé mhí sonraithe, agus beidh asláithreachtaí incheadaithe sa chás gur réasúnta iad. Cé go raibh an tAchomharcóir ar saoire 7 seachtaine le linn na tréimhse sé mhí, shocraigh an Coimisinéir go raibh an tAchomharcóir tar éis na coinníollacha riachtanacha a chomhlíonadh agus i dteideal an fhaoisimh maidir le haistriú cónaí.

Bhain socrúithe **34TACD2019, 42TACD2019, 44TACD2019 & 61TACD2019** leis an gceist cé acu ar cheart an mall-táille VRT a chur i bhfeidhm. Socraíodh gur soiléir gan aon athbhrí an reachtaíocht mar atá sí scríofa agus níl aon rogha ann maidir leis an táille a chur i bhfeidhm sa chás gur cláraíodh an fheithicil lasmuigh den tréimhse reachtuil 30 lá. Sna hachomhairc **44TACD2019** agus **61TACD2019**, shocraigh an Coimisinéir gurbh amhlaidh go raibh an tAchomharcóir tar éis an fheithicil a chlárú laistigh den tréimhse 30 lá.

Bhain socrú 18TACD2019 le hachomharc i gcoinne VRT a gearradh i ndáil le *hathrú mótarfeithicle*. Cuireadh an fheithicil ar dtús i gcatagóir N1 le cúig shuíochán agus athraíodh ansin í ina feithicil catagóir N1 le dhá shuíochán. Thug an tAchomharcóir le fios go raibh súil aige €200 de VRT a íoc de réir s. 132(3)(d)(ii) den Acht Airgeadais 1992. Bhí an tuairim ag an bhFreagróir nach raibh an fheithicil i dteideal an ráta €200 óir nach feithicil catagóir N1 í an fheithicil a bhí mar sin 'ag gach céim dá déantús, rangaithe mar fheithicil catagóir N1 ina bhfuil níos lú ná 4 shuíochán'. Mar thoradh air sin, gearradh VRT ar an Achomharcóir de réir s. 132(3)(c). Shocraigh an Coimisinéir nach feithicil í 'ag gach céim dá déantús, rangaithe mar fheithicil catagóir N1 ina bhfuil níos lú ná 4 shuíochán' agus nár chomhlíon sí riachtanais s. 132(3)(d)(ii) agus mar sin bhí an táille VRT bailí.

Cáin Fáltas Caipitiúil

Bhain socrú **29TACD2019** leis an gceist cé acu a bhí íocaíochtaí do CEO comhlachta ón mbeirt scairsealbhóirí is mó faoi réir ag cáin ioncaim mar dhíolaíochtaí de réir alt 112 TCA 1997 nó ab ionann sin agus bronntanas ó na scairsealbhóirí ar an Achomharcóir, faoi réir ag cáin de réir an Achta Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003, mar a leasaíodh ('CATCA2003').

Thug an tAchomharcóir le fios go ndearnadh na híocaíochtaí leis i ndáil lena cháilíochtaí pearsanta, agus as buíochas, meas, urraim agus cairdeas, agus gur ar bhonn pearsanta a rinneadh iad agus dá réir sin nach díolaíochta iad a d'eascair as an bhfostaíocht.

D'áitigh na Coimisinéirí loncaim go ndearnadh na híocaíochtaí mar aitheantas ar an méid suntasach a rinne an tAchomharcóir maidir le hatairiscint an chomhlachta, ar éirigh go maith leis. D'eascair siad, dar leo, as a ról mar CEO agus ba chothabháil iad a raibh cáin dlite orthu faoi Sceideal E.

Shocraigh an Coimisinéir go bhfuair an tAchomharcóir na híocaíochtaí i ngeall ar an tseirbhís eisceachtúil a thug sé a chuir go suntasach leis an méadú ar scaireanna na gcomhlachtaí cothromais phríobháidigh (na scairsealbhóirí is mó) a fuair brabús suntasach as a n-infheistíocht. Bhí an Coimisinéir den tuairim lena chois sin nárbh fhéidir feabhas aonair an Achomharcóra a dheighilt óna ról mar CEO sna himthosca seo arbh ionann a fheabhas a bhí sé a thaispeáint agus bheith ina CEO, feidhmiú mar CEO agus torthaí den scoth a chur ar fáil mar CEO.

Mar chonclúid, socraíodh gurbh ionann na híocaíochtaí a rinneadh leis an Achomharcóir agus díolaíochtaí inchánach de réir alt 112 TCA 1997.

Cáin Fáltas Caipitiúil, Díolúine ar Chostais Incháilithe Daoine Éagumasaithe

Bhain socrú **32TACD2019** le hoidhreacht a bhain an tAchomharcóir dá uncail, ar ar éilig sé faoiseamh faoi alt 84 den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil (CATCA 2003), mar bhí an rún aige an oidhreacht a úsáid le haghaidh cúram leighis agus cothabháil a bheirt pháistí, ar a raibh míchumas.

Tá díolúine in Alt 84(2) ar CAT sa chás go mbeidh leas glactha *'chun críche na gcostas incháilithe a ghlanadh ag duine atá éagumasaithe go buan i ngeall ar easláinte fhisiciúil nó mheabhrach*

agus go mbeidh loncam sásta gur chun na críche sin a cuireadh nó a chuirfear é'. D'áitigh an tAchomharcóir cé nach raibh an té a bhí marbh ar an eolas faoin díolúine dá bhforáiltear in alt 84(2), bhí sé báúil leis an anchaoi ina raibh na páistí agus nuair a bhí sé ag fágáil an airgid ag an Achomharcóir ina uacht, ba é an rún a bhí aige ná an t-airgead sin a úsáid le haghaidh chúram leanúnach pháistí an Achomharcóra.

D'áitigh na Coimisinéirí loncaim nár bhain an díolúine le hábhar óir is gá gur duine a bheadh éagumasaithe go buan a ghlacfaidh an leas. Shocraigh an Coimisinéir Achomhairc, chun críche Alt 84 CATCA 2003, bhí páistí an Achomharcóra faoi éagumas buan agus gur chun íoc as costais incháilithe a úsáideadh, nó a d'úsáidfí an oidhreacht. Ní léir ó alt 84 cé hé an té a ghlacfaidh an leas; ní chuireann sé de cheangal ach cur ar son costais duine atá faoi éagumas buan a ghlánadh a thógfaidh duine an bronntanas nó an oidhreacht. Mar sin, shocraigh an Coimisinéir nach raibh loncam ceart ó thaobh an dlí de nuair a dhiúltaigh siad faoiseamh ar an mbunús gurbh é an tAchomharcóir seachas a pháistí a ghlac an oidhreacht.

Ceadaíodh mar sin achomharc an Achomharcóra.

Faoiseamh ar Ús Cánach Ioncaim

Bhain an bhuncheist i socrú **47TACD2019** le faoiseamh ar ús a d'éiligh an tAchomharcóir de bhun alt 248 de TCA 1997, mar a síneadh le halt 250.

Rinne an tAchomharcóir infheistíocht i gcomhlacht. Ciste an Achomharcóra féin a rinne páirtmhaoiniú ar an infheistíocht ach bhí maoiniú mór ann chomh maith le hiasacht sa lira Turcach. Bhí an comhlacht ag iarraidh airgead a chruinniú chun críche infheistiú a dhéanamh i gcomhlacht Éireannach agus infheistiú i bhfochomhlacht ar lánúinéireacht i ndíorthach airgeadais ('an díorthach') arna eisiúint ag feithicil urrúsaithe a rianaigh feidhmíocht an Innéacs Eorpach Réadmhaoine (EPRA). Rinneadh aistriú fálaithe chomh maith lena chinntiú go n-aisíocfaí an iasacht sa chás go mbeadh dímheas ar an lira Turcach.

D'áitigh loncam gur idirbheartaíochtaí casta iad ina raibh sreabhadh ciorclach airgid i gceist ar ais chuig an infheisteoir agus dá réir sin, ba chóir an asbhaint úis a theorannú go dtí an glanchostas eacnamaíoch don infheisteoir a bhain leis an aistriú ina iomláine. Thug loncam dúshlán éilimh an Achomharcóra ar fhaoiseamh úis bunaithe ar neamh-chomhlíonadh le ceithre cinn d'fhorálacha reachtúla, mar atá alt 248(2)(c), alt 248(3), alt 250(2)(a) agus alt 817A de TCA 1997. Dá réir sin, dhiúltaigh loncam an faoiseamh a thabhairt trí leasú a dhéanamh ar na fógraí measúnaithe do na blianta a bhí faoi achomharc.

Shocraigh an Coimisinéir gur go dlíthiúil a rinneadh an measúnú cánach a rinne an Freagróir don bhliain is luaithe faoi achomharc, agus sin laistigh de 4 bliana ó dheireadh na tréimhse

inghearrtha inar cuireadh an tuairisceán isteach, agus mar sin bhí an cháin ag eascairt as sin iníoctha agus le híoc i bhfianaise an mhéid seo.

An chéad rud, shocraigh an Coimisinéir gurbh é an t-aon chuspóir nó an cuspóir is mó leis an infheistiú in Investco ná laghdú a fháil sa dliteanas cánach. Mar thoradh air sin, ba chóir an faoiseamh a dhiúltú de bhun alt 817A do na blianta ar fad faoi achomharc.

An dara rud, shocraigh an Coimisinéir faoi Airteagail Chomhlachais Investco, go raibh an tAchomharcóir dícháilithe ó bheith ina stiúrthóir i ndáil leis na blianta faoi mheasúnú toisc nár fhreastail sé ar chruinniú stiúrthóirí ar feadh *'tréimhse sé mhí féilire gan aon chead speisialta saoire ó na stiúrthóirí eile'* agus dá réir sin ba chóir faoiseamh a dhiúltú sna blianta faoi achomharc.

An tríú rud, shocraigh an Coimisinéir nach ndearna an tAchomharcóir aon fheidhmeanna gníomhacha mar *'stiúrthóir páirtaimseartha'* mar a éilíonn alt 250 agus dá réir sin ní fhéadfaí caitheamh leis mar *'stiúrthóir páirtaimseartha'*. Mar sin, ba chóir an faoiseamh a dhiúltú don ús a íocadh ar an iasacht leis na scaireanna in Investco a fháil.

An ceathrú rud, shocraigh an Coimisinéir gurbh ionann na forálacha maidir le frithsheachaint agus athshlánú caipitil a allmhairiú ó alt 248 go halt 250, mar a d'áitigh loncam, agus dul in aghaidh na foclaíochtaí soiléire a bhí in alt 250 agus bheith mar sin in aghaidh na scéime Bunreachtúla. Dá réir sin, dhiúltaigh an Coimisinéir cur chuige loncaim a fhaomhadh.

I bhfianaise na bpointí thuas, shocraigh an Coimisinéir go seasfadh na measúnuithe do na blianta faoi achomharc.

Cáin ioncaim – ioncam Cás I nó Cás V

Nuair a tháinig soláthar an lóistín éigeandála ina chúram ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBÁC), thosaigh an tAchomharcóir lóistín éigeandála a chur ar fáil don mhuintir dhúchasach gan dídean agus do neamhnáisiúnaigh ar aon. Bhí an comhaontú seo faoi rial ag comhaontú caighdeánach le CCBÁC. (Socrú **09TACD2020**)

Bhí an tAchomharcóir ag iarraidh an t-ioncam a tháinig ó DCC mar ioncam cíosa agus d'éiligh sé faoiseamh alt 23 le hais an ioncaim sin do na blianta cánach 2010 agus 2011. D'áitigh loncam go bhfuarthas an t-ioncam ó ghníomhaíochtaí trádála agus rinne measúnú ar an Achomharcóir faoi fhorálacha Sceideal D, Cás I.

Shocraigh an Coimisinéir gurbh éadócha go mór go ndéanfadh an tAchomharcóir comhaontú le DCC gan na sainobleagáidí a bheadh air a chinntiú ar dtús, i bhfianaise gurbh fhiú suim shuntasach airgid in aghaidh na bliana an comhaontú le DCC. Reáchtáil an tAchomharcóir an t-áitreabh faoi rialacha daingne a comhaontaíodh idir é féin agus DCC. Shocraigh an Coimisinéir

nár bh ann do chaidreamh tiarna talún/tionónta idir an Achomharcóir agus DCC, ná leis na daoine gan dídean a bhí ina gcónaí san áitreabh ach oiread. Bhí an tAchomharcóir i rith ama i seilbh an áitribh agus chuir sé seirbhísí ar fáil a bhí sa bhreis go mór orthu siúd a chuirfeadh tiarna talún ar fáil de ghnáth. Níorbh íocaíochtaí cíosa iad na híocaíochtaí a rinneadh. Socraíodh chomh maith nach raibh aon léas idir DCC agus an tAchomharcóir; is amhlaidh a bhí comhaontaithe ag an Achomharcóir lóistín agus seirbhísí suntasacha eile a chur ar fáil do dhaoine gan dídean a tarchuireadh chuige.

De thoradh an chomhaontaithe le DCC agus na seirbhísí iarbhír a chuir an tAchomharcóir de, níor chíos é an t-ioncam a fuarthas ó DCC de bhun chomhaontú tiarna talún agus tionónta, ach ba ioncam é a fuarthas i ngeall ar chomhaontú seirbhísí éagsúla a chur ar fáil.

Shocraigh an Coimisinéir mar sin nach raibh an tAchomharcóir bainteach le gníomhaíochtaí cíosa a bheadh inchánach faoi Sceideal D Cás V ach go raibh sé i mbun trádála de bhun an chomhaontaithe le DCC. Mar sin, ba chóir go seasfadh na measúnuithe cánach ioncaim a rinne loncam.

Cáin Ioncaim agus Comhaontú Cánachais Dúbailte a Fheidhmiú (DTA)

Bhain socrú **36TACD2019** le hloncam diúltú ÍMAT a coinníodh siar a aisíoc i ndáil le dáileadh a bhí faighte ag an Achomharcóir in 2012 ó Chiste Dearbhaithe Scoir (ARF). Cuireadh ÍMAT i bhfeidhm ar an mbunús gurbh ionann an dáileadh agus 'cothabháil ina bhfuil feidhm ag Sceideal E'. Mhaígh an tAchomharcóir nach raibh feidhm le halt 784A de TCA 1997.

In 2011, fuair an tAchomharcóir agus a bhean chéile réadmhaoin i Málta ina gcónaíodh sé ó am go chéile lena bhean. I mí na Nollag 2011, rinne an tAchomharcóir a theach in Éirinn a dhiúscairt le hlontaobhas a raibh sé féin agus a mhac mar iontaobhaithe air, agus arbh iad a chuid páistí na tairbhíthe.

Thug an tAchomharc le fios go raibh cónaí chun críche na cánach air i Málta faoi DTA Éire-Málta agus mar thoradh air sin, ní raibh cáin Éireannach dlíte ar an dáileadh faoi Alt 18 (Pinsin, blianachtaí agus íocaíochtaí cosúla) nó, seachas sin, Airteagal 21 (ioncam eile), ar foráil uileghabhálach é den DTA.

Thug an tAchomharcóir le fios nach raibh cónaí buan aige in Éirinn ach go raibh cónaí buan ar fáil dó i Málta. D'esaontaigh na Coimisinéirí loncaim leis an méid sin, á thabhairt le fios nárbh ionann an réadmhaoin a dhiúscairt leis an iontaobhas agus a rá nach 'cónaí buan ar fáil' don Achomharcóir in Éirinn a bhí ann chun críche an DTA.

Shocraigh an Coimisinéir gur cónaitheach conartha an tAchomharcóir in 2012 faoin chlásal réitigh in Airteagal 4, óir ba in Éirinn a bhí lárionad a leasanna bunúsacha in 2012, toisc gur in Éirinn a bhí an chuid is mó dá chaidrimh phearsanta agus eacnamúla an bhliain sin. Mar sin is ag Éirinn a bhí an ceart ar an mbuncháin a ghearradh i ndáil leis an dáileadh, agus ní raibh an tAchomharcóir i dteideal aisíocaíocht ÍMAT a coinníodh siar.

De ghrá bheith iomlán ar fad, rinne an Coimisinéir breithniú ar fheidhmiú an DTA amhail gur cónaitheach conartha i Málta ba ea an tAchomharcóir. Shocraigh an Coimisinéir nár tháinig an dáileadh ón ARF faoi réir Airteagal 18 den DTA agus nár tháinig sé faoi réir Airteagal 21 den DTA.

Mar a déileáladh ó thaobh cánach le hÍocaíochtaí ÍMAT – Bonn fabhraithe nó admhálacha

I socrú **48TACD2019** rinne an Coimisinéir breithniú ar alt 112 de TCA 1997 agus loncam diúltú déileáil le hÍocaíochtaí tuarastail a rinneadh le hAchomharcóir in 2019 ach a bhain le tuilleadh 2018 mar thuilleadh inchánach in 2018. Ba cháiniócoir ÍMAT é an tAchomharcóir in 2018 agus 2019 ar aon. Thóg sí sos gairme i Lúnasa 2017 agus d'fhill sí ar an obair timpeall bliana ina dhiaidh sin.

In 2019, tugadh pá trí seachtaine don Achomharcóir i ndáil le hobair a rinneadh i Nollaig 2018. Faoin gcóras ÍMAT, déileáladh leis an íocaíocht mar thuilleadh in 2019. Chuir an tAchomharcóir ina aghaidh seo óir ba lú an dliteanas cánach a bheadh uirthi dá ndéileálfai leo mar thuilleadh 2018, óir bhí creidmheas cánach ar fáil di i ngeall ar a sos gairme a mbeadh candam ní b'ísle cánach ag siúl leis.

Shocraigh an Coimisinéir nach raibh aon athbhrí leis an reachtaíocht ábhartha, a rinne foráil shoiléir don bhliain 2018 amach go ndéanfaí íocaíochtaí cánach faoin gcóras ÍMAT '*a ríomh ar an tsuim díolaíochtaí a íocadh leis an duine sa bhliain a fhad leis an measúnú*'. Dá réir sin, shocraigh sé nach raibh an tAchomharcóir i dteideal go ngearrfaí cáin in 2018 ar a tuilleadh i mí Nollag 2018.

Bhain socrú **49TACD2019** (a rinne breithniú ar alt 531AM(1) agus alt 531AL(1) TCA 1997) le feidhmiú an mhuirir shóisialaigh uilíoch (MSU) ar ioncam a thuill an tAchomharcóir in 2014 ach a íocadh in 2015. Shocraigh an Coimisinéir go raibh an ceart ag loncam MSU a chur i bhfeidhm ar íocaíochtaí saoire máithreachais an Achomharcóra in 2015.

Stádas Sainchónaí Cánach Achomharcóra agus Candam Tuillidh

Bhain socrú **23TACD2019** le dliteanas cánach an Achomharcóra i ndáil le hioncam ó fhoirse anaithnid nó neamhdhlíthiúil. D'áitigh an tAchomharcóir nach raibh sé cónaitheach ná cónaitheach chun críche na cánach in Éirinn agus nach raibh cónaí air in Éirinn do na blianta cánach ar i ndáil leo a ardaíodh na Fógraí Measúnaithe.

Phléigh an Coimisinéir leis an mbuncheist maidir leis an gceart ar achomharc a bheith ar fáil do dhaoine neamh-inmhuirir ar nós an Achomharcóra agus shocraigh gur chóir go rachadh an t-achomharc ar aghaidh ó b'ionann a choisceadh agus dul in aghaidh reachta, an Bhunreachta agus Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine.

Cheal aon fhianaise a thabhairt ar an aird ag loncam agus bunaithe ar fhianaise *viva voce* an cháiníocóra, shocraigh an Coimisinéir nach raibh an tAchomharcóir cónaitheach chun críche cánach sa Stát óir d'fhág sé Éire ina dhiaidh in aois a óige agus is thar lear a bhí cónaí ó shin air, gan filleadh ar Éirinn ach am go chéile. Shocraigh an Coimisinéir chomh maith, bunaithe ar an bhfianaise a tugadh ar aird, nach i Málta a bhí an tAchomharcóir cónaitheach chun críche DTA.

Shocraigh an Coimisinéir mar dhuine neamhchónaitheach nach raibh an tAchomharcóir dlite cáin a íoc ach i ndáil lena ioncam ón bhfoirse Éireannach. Ar an mbonn sin, rinne an Coimisinéir cainníochtú ar ioncam ó fhoirse Éireannach an Achomharcóra bunaithe ar an bhfianaise a thug sé maidir le líon agus le candam na n-aistrithe gnó a chuir sé i gcrích agus é in Éirinn.

Faoiseamh ar Cháin Ioncaim toisc Cónaí Roinnte sa bhliain

Bhain socrú **25TACD2019** le hloncam diúltú faoiseamh cónaí roinnte sa bhliain a thabhairt don Achomharcóir i ndáil lena ioncam óna fhostaíocht i SAM ar fhilleadh dó go hÉirinn in 2014.

Chuaigh an tAchomharcóir agus a bhean chéile go SAM in 2013, agus rún acu fanacht thar lear go ceann roinnt blianta. Fuair a bhean chéile céim in airde, áfach, agus bhí ceangal uirthi as sin gur in Éirinn a bheadh sí ag obair, agus d'fhill an lánúin ar Éirinn sa bhliain 2014.

Thug loncam faoiseamh cónaí roinnte sa bhliain ar bhonn liúntais don Achomharcóir nuair a d'imigh sé ó Éirinn in 2013 ach diúltaíodh faoiseamh liúntais a thabhairt dó i ndáil lena fhilleadh ar Éirinn in 2014. Mar sin, bhí sé lándlite ar cháin ioncaim a íoc in 2014 ar a ioncam ón bhfostaíocht. Bhí an tAchomharcóir míshásta leis an diúltú faoiseamh cónaí roinnte sa bhliain a thabhairt, rud a thabharfadh cosaint dá ioncam ón bhfostaíocht i SAM ón gcáin Éireannach don tréimhse sular athlonnadh sé in Éirinn.

Shocraigh an Coimisinéir mar fhíric ábhartha go raibh an tAchomharcóir cónaitheach chun críche na cánach in Éirinn sa bhliain 2013 óir chaith sé níos mó ná 183 lá in Éirinn an bhliain sin. Dá réir sin, shocraigh sé nár chomhlíon an tAchomharcóir an coinníoll neamhchónaitheach don bhliain roimhe atá leagtha amach in alt 822(1)(a)(i) TCA 1997 agus nár chomhlíon sé an riachtanas reachtúil chun cáiliú don fhaoiseamh cónaí roinnte sa bhliain.

Dúirt an Coimisinéir chomh maith gur neamhoiriúnach an mhaise dó féin, bunaithe ar an gcásdlí bunaithe, dul ag breithniú cé acu is cothrom nó a mhalairt do dhliteanas ar cháin i ngeall ar an easpa caipitil le hais na cánach. Chomh maith céanna, shocraigh sé nach de dhlínse an TAC liúntas neamhreachtúil de chuid loncaim a oibriú. Luaigh sé go bhféadfaí an faoiseamh a lorg trí éileamh a dhéanamh ar ionchas dlísteanach, agus arís bhí sé le rá aige nárbh éileamh sin a bheadh laistigh de dhlínse an TAC. Dá réir sin dhiúltaigh an Coimisinéir d'achomharc an Achomharcóra agus thacaigh sé le measúnú loncaim ar an gcáin ioncaim do 2014, faoi réir ag coigeartú ag creidmheasanna cánach i ngeall ar fhaoiseamh DTA de réir DTA na hÉireann/SAM.

DLiteanas ar Liúntais Cháin Ioncaim do Mhairnéalach

Bhain socrú **02TACD2020** le hloncam diúltú Liúntas Mairnéalaigh a thabhairt don Achomharcóir do na blianta 2012-2015. Déanann alt 472B de TCA 1997 foráil i leith dliteanais ar asbhaint cánach nuair a chomhlíontar na ceanglais reachtúla a bhaineann le Liúntas an Mhairnéalaigh. Bheadh an faoiseamh ar fáil don Achomharcóir sa chás go bhféadfadh sé a dhéanamh amach gur chaith sé ar a laghad 161 lá ar shiúl as an Stát chun críche na dualgais a bhaineann le fostaíocht incháilithe a chur de.

Is ionann fostaíocht incháilithe agus fostaíocht a gcomhlíontar na dualgais a bhaineann léi ar shoitheach farraige. Is ionann soitheach farraige agus soitheach atá cláraithe i gClár an Bhall-Stáit agus nach n-úsáidtear é ach le haghaidh paisinéirí nó loingeas a iompar ar luach saothair. Thug an tAchomharcóir féin fianaise gur úsáideadh an soitheach i bpáirt le haghaidh oibríochtaí taighde. Shocraigh an Coimisinéir dá réir sin nach bhféadfadh sé a thuiscint gur le haghaidh paisinéirí nó loingeas a iompar a úsáideadh an soitheach. Shocraigh an Coimisinéir chomh maith nach raibh an tAchomharcóir tar éis aon fhianaise a thabhairt uaidh de réir thástáil an 'suaitheantas tráchtála' chun tacú le hargóint gur úsáideadh an soitheach chun críche na tráchtála. Shocraigh an Coimisinéir nár comhlíonadh na coinníollacha ba ghá leis an teidlíocht ar Liúntas Mairnéalaigh a shlánú, agus dá réir sin thacaigh sé le diúltú loncaim an Liúntas a thabhairt.

CBL, Faoiseamh Gnó a Aistriú

Bhain socrú **15TACD2019** le hloncam teidlíocht a dhícheadú ar chreidmheas ionchuir ag an

Achomharcóir ar an mbonn gur bhain aistriú an fhaoisimh gnó leis an mbeart a bhí i gceist de réir alt 20(2)(c) de VATCA 2010. Tá feidhm ag an alt seo sa chás go bhfuil aistriú sócmhainní chuig duine cuntasach sa chás gurb ionann aistriú sócmhainní dá sórt agus gnóthas nó cuid de ghnóthas ar féidir a oibriú ar bhonn neamhspleách. Sa chás go gcomhlíontar coinníollacha an fhaoisimh, glactar leis nach soláthar earraí é an beart.

Bhain fíricí an achomhairc le haistriú áitribh, stoic, daingneáin agus feistis chuig comhlacht. Bhí an gnó ar obair ag an achomharcóir mar óstán. Ghlac an Coimisinéir le haighneacht na gCoimisinéirí loncaim nach raibh ceanglas faoi alt 20(2)(c) gur duine cuntasach é an té a d'aistreadh an gnó. Tharla nár chuir an tAchomharcóir in aghaidh na fírice gur thrádáil an teach sa tréimhse ábhartha, shocraigh an Coimisinéir nach raibh bunús le hargóint an Achomharcóra nach raibh rún aige trádáil a dhéanamh. Tuigeadh nárbh ionann ceal ceadúnais oibriú mar óstán agus nárbh fhéidir le haistriú teacht faoi alt 20(2)(c). Dá réir sin, socraíodh go raibh feidhm le halt 20(2)(c) óir bhí aistriú sócmhainní ann chuig duine cuntasach agus gurbh ionann an t-aistriú sócmhainní sin agus gealltanais nó cuid de ghealltanais a d'fhéadfaí a oibriú ar bhonn neamhspleách, agus gur ar an mbonn sin a oibríodh é. Dá réir sin, bhain an fhoráil a shonraítear in alt 20(2)(c) leis an mbeart, rud a shonraigh nach soláthar earraí é. Ar an mbunús seo, shocraigh an Coimisinéir nach raibh an tAchomharcóir i dteideal slánú ioncaim CBL i ndáil leis an mbeart agus go raibh an measúnú a bhí déanta ag loncam bailí.

CBL

Bhain socrú **03TACD2020** le héileamh ar CBL a aisíoc. Cheadaigh loncam aisíoc CBL don tréimhse chánach Samhain-Nollaig 2009 óir bhí sé laistigh den tréimhse 4 bliana tar éis na tréimhse lenar bhain sé. Mar sin féin, dhíchheadaigh loncam éileamh ar aisíoc CBL maidir leis an tréimhse Eanáir-Feabhra go Meán Fómhair-Deireadh Fómhair 2009 ar an mbunús go raibh sé sin lasmuigh de thréimhse 4 bliana na teorann reachtúla ama.

An cheist san achomharc seo ná cé acu a bhí an tAchomharcóir i dteideal athshlánú CBL i dáil leis na tréimhsí Eanáir-Feabhra go Meán Fómhair-Deireadh Fómhair (gach mí san áireamh), i bhfianaise na scéime reachtúla a leagann amach na rialacha do chionroinnt an ionchuir dhé-úsáide mar aon leis na forálacha athshlánaithe a bhaineann le hathshlánú CBL.

Ba fhochuideachta de chuid sholáthróir seirbhísí airgeadais agus teicneolaíocht é an tAchomharcóir. Thug sé seirbhísí do chustaiméirí a raibh cuid díobh lonnaithe san Aontas Eorpach agus cuid eile lonnaithe lasmuigh den Aontas Eorpach.

Roimh 2013, lean an tAchomharcóir ar aghaidh ar an mbunús go raibh díolúine CBL ag a chuid gníomhaíochtaí agus mar sin ní raibh aon dliteanas aige ar athshlánú CBL. Chuir an

tAchomarcóir isteach a thuairisceán CBL go deireadh 2013 ar bhunús na tuisceana a bhí aige go raibh sé ag cur seirbhísí ar fáil a bhí saor ó CBL de réir Sceideal 1, paragraif 6 agus 7 de VATCA 2010, ar seirbhísí iad nach raibh teidlíocht acu ar athshlánú CBL ar chreidmheasanna ionchuir.

In 2013, tar éis do ghníomhaire an Achomharcóra athbhreithniú a dhéanamh ar a chuid gníomhaíochtaí, bhí an tuairim ag an Achomharcóir go raibh gníomhaíochtaí ar siúl aige a bhí ag teacht le sainmhíniú 'gníomhaíochtaí incháilithe' chun críche alt 59(1) de VATCA 2010, a cheadaigh asbhaint CBL de bhun alt 59(2).

I Mí na Nollag 2013, chuir an tAchomharcóir tuairisceán leasaithe CBL isteach (dar teideal 'Tuairisceán VAT3 Forlíontach) don tréimhse Samhain-Nollaig 2009 agus aisíoc CBL ar taispeáint ann.

Shocraigh an Coimisinéir go raibh de cheart ag cáiníocóir asbhaint a dhéanamh chomh luath agus a bhíonn CBL inghearrtha de réir Airteagal 167 de Threoir Chomhairle 2006/112/EC agus nach raibh seachas sa chás sin. Is i bhfianaise seo an chirt ar asbhaint is gá léamh agus léirmhíniú a dhéanamh ar theorainneacht ama.

Shocraigh an Coimisinéir nach raibh aon bhunús leis an tuairisceán leasaithe CBL maidir leis an tréimhse Samhain-Nollaig 2009 a chruthú ina thuairisceán maidir le hathbhreithniú ar chionroinnt ionchur dé-úsáide de réir alt 61 de VATCA 2010 agus Rialachán 17 de S.I. 639/2010.

Shocraigh an Coimisinéir maidir leis an tuairisceán leasaithe do Shamhain-Nollaig 2009 a cuireadh isteach ar an 30 Nollaig 2013 nach modh bailí a bhí ann ar aisíoc a éileamh ar CBL sna tréimhsí inchánach Samhain-Nollaig 2009 agus nach éileamh bailí a bhí sa tuairisceán leasaithe do Shamhain-Nollaig 2009 maidir le creidmheasanna ionchuir a bhí infheidhmithe i dtréimhsí inchánach roimhe sin.

Shocraigh an Coimisinéir dá réir go raibh an ceart ag an bhFreagróir diúltú d'éileamh an Achomharcóra ar aisíoc CBL i ndáil leis na tréimhsí inchánach Eanáir-Feabhra go Meán Fómhair-Deireadh Fómhair 2009 ar an mbunús gur ar an 30 Nollaig 2013 a rinneadh an t-éileamh agus nach raibh sé déanta laistigh de thréimhse 4 bliana tar éis na dtréimhsí inchánach lenar bhain sé.

CBL

Bhain socrú **16TAC2020** le ceithre hachomharc chomhdhlúite a thionscain comhlacht

teileachumarsáide in aghaidh socrúithe agus measúnuithe a rinne na Freagróirí i ndáil le Muirir Fánaíochta neamh-AE, Muirir Cealaithe seirbhíse, Leathanbhanda Bille agus éileamh as am.

Bhain ceist na Fánaíochta neamh-AE le cé acu atá foráil i VATCA 2010 ar aisíoc CBL sa chás go n-úsáideann custaiméirí 'a íocann bille' 'cártaí teileafóin' lasmuigh den AE, nó nach bhfuil. Shocraigh an Coimisinéir nach raibh sé indéanta dealú a dhéanamh chun críche CBL idir roghanna 'réamhíoc' agus 'bille a íoc ar chuachadh' le haghaidh seirbhísí teileachumarsáide le linn fánaíochta neamh-AE. Mar sin, ó tharla go raibh an tAchomharcóir i dteideal laghdú ar cháin iníochta i ndáil le 'cárta teileafóin' dá chustaiméirí 'réamhíoc', bhí feidhm chomh maith le laghdú CBL a gearradh ar a chustaiméirí 'bille a íoc ar chuachadh' i ndáil leis na seirbhísí fánaíochta sin.

Mar thoradh ar shocrú seo thuas an Choimisinéara, níorbh fhéidir rialacha a bhí ag teacht salach ar a chéile a chur i bhfeidhm ar sholáthar seirbhísí teileachumarsáide trí thagairt a dhéanamh don mheán lena ngearrtar táille do na seirbhísí sin. Mar sin, níorbh fhéidir caitheamh go héagsúil le seirbhísí teileachumarsáide comhionanna ach ar chustaiméirí 'i gcuachadh' agus 'as cuachadh' a d'úsáid iad lasmuigh den AE, beag beann ar an am a gearradh bille nó táille i leith na seirbhísí sin. Dá thoradh sin, bhí an tAchomharcóir i dteideal laghdú ar an gcáin iníochta i ndáil leis an rogha 'bille lasmuigh de chuachadh' acu do sheirbhísí teileachumarsáide fánaíochta neamh-AE dá chustaiméirí sa chás gur úsáideadh na seirbhísí sin lasmuigh den Aontas.

Bhain ceist na muirear cealaithe leis an CBL ar mhuirir cealaithe seirbhísí a ghearr an tAchomharcóir ar a chustaiméirí sa chás gur chríochnaigh an custaiméir conradh ar théarma seasta roimh dháta deiridh an chonartha sin. Tharla go raibh ceangal an chásdlí (agus go háirithe an breithiúnas MEO) ar an gCoimisinéir, shocraigh sé sa chás go mbíonn comhaontú ag custaiméir maidir le seirbhísí teileachumarsáide faoi riail an phraghais do thréimhse an chomhaontaithe, bíonn táille CBL ann maidir leis an gceart conartha ar na seirbhísí sin a úsáid don thréimhse sin beag beann ar neamh-úsáid na seirbhísí sin.

Bhain ceist an leathanbhanda bille le CBL agus custaiméirí nár ídigh a liúntas sonraí ina iomláine in aon mhí faoi leith, agus cé acu a bhí an breithniú ag teacht i gcomhréir leis na sonraí nár úsáideadh. Ar aon dul le ceist na muirear cealaithe, shocraigh an Coimisinéir go mbíonn gearradh CBL ann maidir leis an gceart conartha a comhaontaíodh an méid sin sonraí a úsáid beag beann ar an gcustaiméir na seirbhísí sin a úsáid nó gan a úsáid.

Bhain an cheist 'as am' le cé acu a bhí na tréimhsí teorann ar éileamh CBL lasmuigh den teorainn ama dá bhforáiltear in alt 99 de VATCA 2010. An cheist a bhí le socrú ná cé acu a bhí alt 99 ag sárú phrionsabal coibhéise an AE. Shocraigh an Coimisinéir go bhféadfaí caitheamh

leis an dleacht stampa mar 'chomparadóir frinneach' leis an CBL maidir leis an teorainn ama ar éileamh ar aisíoc cánacha. Shocraigh sé nach raibh loncam tar éis prionsabal na coibhéise a shárú nuair a dhiúltaigh sé glacadh le héileamh ar aisíoc CBL ar an mbunús go ndearnadh an t-éileamh lasmuigh den teorainn ama ceithre bliana dá bhforáiltear in Alt 99(4) VATCA.

Dleacht máil agus CBL

Bhain socrú **41TACD2019** le feidhm an ráta chaighdeánaigh CBL, seachas an ráta laghdaithe, ar mhéid mór ola mianraí áit nár chomhlíon an tAchomharcóir Rialacháin maidir le 'hOla Mianraí Marcáilte' a choinneáil agus a stóráil. Bhain cuid mhór den CBL faoi dhíospóid le dícheadú creidmheasanna ionchuir CBL ar an mbonn nach raibh an Freagróir sásta gur tuairiscíodh an beart díreach mar a tharla sé.

Le linn an achomhairc, níor éirigh leis an Achomharcóir faisnéis agus fianaise riachtanach a thabhairt a ligfeadh don Choimisinéir a thuiscint gurb amhlaidh a tharla na hidirbheartaíochtaí. Tuigeadh don Choimisinéir chomh maith, bunaithe ar an bhfianaise agus ar na haighneachtaí a rinneadh ag an éisteacht, gur sáraíodh roinnt babhtaí na Rialacháin um Ola Mianraí agus nár éirigh leis an Achomharcóir a thaispeáint conas gurb eisceachtaí iad a sholáthairtí ar an ráta caighdeánach dá bhforáiltear san Acht CBL. Dá thoradh sin, shocraigh an Coimisinéir go raibh feidhm ag an ráta 23% CBL ar na soláthairtí agus diúltaíodh an creidmheas ionchuir CBL ar na ceannaigh sa chás nár leor an fhianaise le ligean don Choimisinéir a thuiscint mar fhíric ábhartha gurb amhlaidh a tharla na ceannaigh.

Rinneadh grinnbhreithniú ar shárúithe ar na Rialacháin um Ola Mianraí 2012 agus na ceanglais in alt 99(10) den Acht Airgeadais 2001 i socrúithe **41TACD2019** agus **59TACD2019**. Éisteadh le fianaise mhionsonraithe maidir le sárúithe na Rialachán sa dá achomharc sin, agus rinneadh breithniú ar feadh i bhfad ar an léirmhíniú ar an bhforáil a bhaineann le seachaint an dliteanais atá in alt 99(10). Tharla go bhfuil an dleacht máil san áireamh i dTreoir AE, rinneadh scrúdú chomh maith ar fheidhmiú an Dlí AE.

Sa chás nach gcomhlíontar ceanglais alt 99(10) agus na Rialacháin Ola Mianraí 2012, glactar leis gur soláthraíodh na soláthairtí ola mianraí mar dhíosal bóthair agus tá dleacht dlite ar an soláthar ag an ráta caighdeánach, seachas ag an ráta laghdaithe. Tá na hoibleagáidí ar thrádálaithe san earnáil seo mionsonraithe agus mionchúiseach.

Bhí an dá thaobh i dtuilleamaí cuid mhaith cásdlí Eorpaigh agus rinneadh breithniú air sin sa socrú. Thug an Coimisinéir dá aire in achomhairc chánach gur ar an Achomharcóir a bhíonn

an dualgas cruthúnais a léiriú gur dóichí gur mícheart na measúnuithe a rinne loncam. I gcásanna ina bhfuil faoiseamh nó díolúintí i gceist, is ar an Achomharcóir atá an dualgas a léiriú go mbaineann an faoiseamh leis, agus go bhfuil na Rialacháin agus na coinníollacha a bhaineann leis an díolúine sin comhlíonta aige. Sa dá achomharc seo, shocraigh an Coimisinéir nár éirigh leis na hAchomharcóirí an dualgas cruthúnais a chomhlíonadh agus tacaíodh leis na measúnuithe ar an Dleacht Máil.

Bhain socrú **68TACD2020** le hachomharc ar an bhFreagróir creidmheasanna ionchuir CBL a dhiúltú ar an mbonn gurbh eol nó gur chóir gurbh eol don Achomharcóir go raibh sé páirteach in idirbheartaíocht a raibh baint aici leis an CBL a sheachaint go calaoiseach.

Rinneadh grinnbhreithniú ar na tástálacha dlíthiúla a d'eascair ó dhlí-eolaíocht an AE. Le linn dó teacht ar chinneadh bunaithe ar an bhfianaise a cuireadh faoina bhráid le linn an achomhairc, thug an Coimisinéir aird faoi leith ar thosca oibiachtúla a bhain don cheist cé acu ab eol nó ba chóir gurbh eol don Achomharcóir go raibh sé páirteach in idirbheartaíocht a raibh baint aici leis an CBL a sheachaint go calaoiseach. Ba é an toradh carnach ar gach toisc ná conclúid an Choimisinéara nach raibh an dara míniú ar na ceannaigh ach go raibh siad bainteach leis an CBL a sheachaint go calaoiseach.

Ceannteidil Chánach agus Socruithe Eile

Rinneadh socruithe chomh maith i dtaca leis na nithe seo a leanas:

Díolaíochtaí Stiúrthóirí

Tá foráil in alt 997A(3) de TCA 1997 nach dtabharfar creidmheas i ndáil le cáin a asbhaineadh ó dhíolaíochtaí a d'íoc comhlacht le stiúrthóir dílsithe seachas sa chás go bhfuil fianaise scríofa ann a léireoidh gur díoladh an cháin a asbhaineadh le hloncam.

Rinneadh breithniú ar an alt seo i socrú **13TACD2019**. D'áitigh an tAchomharcóir nach raibh teidlíocht ar éileamh ar chreidmheas don cháin a asbhaineadh ó dhíolaíochtaí an Achomharcóra ag an gcomhlacht d'ainneoin nár íocadh an cháin sin leis an bhFreagróir. Chinn an Coimisinéir nár éirigh leis an argóint seo a aithint nach féidir le comhlachtaí gníomhú, mar nithe neamhbheo, ach trí ghníomhartha a gcuid stiúrthóirí agus sin de réir a n-oibleagáidí conartha agus muiníneacha agus a gcumhachtaí arna ndílsiú sa bhord stiúrthóirí de réir na nAirteagal Comhlachais. Chinn an Coimisinéir chomh maith gurb é an éifeacht shoiléir atá le halt 997A ná a chosc ar dhaoine a bhfuil smacht agus tionchar acu ar ghníomhaíochtaí gnó comhlachta creidmheas a éileamh ar cháin gan íoc ba chóir a asbhaint agus a íoc le comhlachtaí dá sórt leis na Coimisinéirí loncaim.

Caillteanais Trádála – s.662 srianadh TCA ar fhaoiseamh i ndáil caillteanais ón bhfeirmeoireacht nó ón ngarraíodóireacht mhargaidh

Rinne socrú **33TACD2019** breithniú ar Ioncam diúltú d'éileamh an Achomharcóra ar chaillteanais trádála le hais ioncam ÍMAT an Achomharcóra do na blianta faoi achomharc. Dícheadaíodh an t-éileamh ar an mbonn nár lig na rialacha leagtha amach in alt 662 de TCA 1997 don Achomharcóir faoiseamh a éileamh i dtaca le caillteanais faoi alt 381 TCA.

Ba chúntóir siopa é an tAchomharcóir a raibh trádáil na feirmeoireachta ar siúl chomh maith aige. Thosaigh sé ar an bhfeirmeoireacht lena athair i 1998 agus in 2001 d'fhág an t-athair 26 acra talaimh le huacht aige agus lean sé ar iad sin a shaothrú. Thug an tAchomharcóir fianaise go raibh an-drochbhail ar an talamh nuair a fuair sé é agus go raibh a dhícheall déanta aige thar na blianta an talamh a fheabhsú agus gnó na feirmeoireachta a thógáil suas oiread agus a bheadh brabús air agus go mbeadh fáltas aige ar an airgead agus ar an am a bhí tugtha dó aige.

Chinn an Coimisinéir i ndáil leis na ceanglais in alt 662 gurbh amhlaidh, le linn na mblianta faoi achomharc agus sna blianta roimhe sin, ba é an cuspóir amháin a bhí le ham, le hobair agus le hinfheistíocht an Achomharcóra ná an fheirm a fheabhsú agus gnó na feirme a fhorbairt oiread agus a bheadh brabús air. Chinn an Coimisinéir chomh maith gurbh é rún croí an Achomharcóra go mbeadh brabús ar deireadh lena ghnó feirme agus gur lean sé de ghnó na feirmeoireachta ar bhonn tráchtála agus mar sin chinn sé gur shásaigh an tAchomharcóir na ceanglais a bhí in alt 662(2)(a) do na blianta faoi achomharc.

D'ainneoin an tAchomharcóir bheith cáilithe *prima facie* don fhaoiseamh i ngeall ar é na critéir a chomhlíonadh in alt 662(2)(a), chuir alt 662(2)(b) teorainn leis an teidlíocht ar chaillteanais a éileamh mar fhaoiseamh sa chás gur tharla an caillteanais le linn trádála i ngach bliain de na trí bliana roimhe sin.

Bhain caillteanais le gnó feirme an Achomharcóra gach bliain ó 2007 go 2014, an dá bhliain san áireamh. Tá foráil choigiltis in alt 662(2)(d) a deir go bunúsach nach gcuirfidh alt 662(2) teorainn le faoiseamh sa chás go léiríonn éilítheoir go mbeartaíonn sé sa bhliain tar éis trí bliana de chaillteanais ar mhodh agus ar bhealach a mbeifí ag súil leis go mbeadh brabús ar ball ann dá mba rud é gur feirmeoir nó garraíodóir inniúil margaidh a bheartaigh mar sin, agus dá mba rud é gur bheartaigh an feirmeoir nó an garraíodóir margaidh mar sin i dtosach na tréimhse ar bhain an caillteanais léi, níorbh fhéidir leis bheith ag súil go réasúnta le brabús go dtí deireadh na bliana tar éis na tréimhse caillteanais.

Chinn an Coimisinéir ar an bhfianaise gur chomhlíon an tAchomharcóir na critéir a mionsonraíodh in alt 662(2)(d) agus dá réir sin nár bhain an teorainn ar fhaoiseamh in alt 662(2)(b) leis an Achomharcóir.

Creidmheasanna Cánach Fostaí

I socrúithe **30TACD2019** agus **31TACD2019**, bhí an tAchomharcóir i dteideal pinsin ranníocaigh de bhun alt 108 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, tar éis na coinníollacha a chomhlíonadh atá leagtha amach in alt 109 den Acht sin agus bhíothas tar éis an pinsean sin a éileamh agus a fháil do na blianta faoi achomharc. Méadaíodh suim an phinsin de bhun alt 112(1) d'Acht 2005 óir ba 'duine lánfhásta cáilithe' é céile an Achomharcóra laistigh de bhrí an Achta.

An cheist a bhí le socrú ná cé acu ba chóir ligean d'éileamh ar an gcreidmheas cánach fostaí faoi alt 472 TCA 1997 ar an bpinsean méadaithe ar an bpinsean ranníocach Stáit arna dhíol i ndáil le céile tuilleamaíoch.

Chinn an Coimisinéir sa dá chás go raibh an tAchomharcóir i dteideal an chreidmheasa i ndáil leis an ioncam sin, de bhun alt 472(4)(b) den Acht Comhdhlúite Cánach 1997, mar a leasaíodh.

Liúntas 'gan aon chailteanas don Ioncam' agus Suaitheantais Trádála

Rinne socrú **24TACD2019** breithniú cé acu a bhí teip ghinearálta ann na Rialacháin ÍMAT a oibriú i ndáil le híocaíochtaí d'fhostaithe áirithe. D'áitigh an tAchomharcóir nach mbeadh ÍMAT inbhualite ar na híocaíochtaí sa chás gur oibríodh na Rialacháin mar ba cheart. D'iarr an tAchomharcóir leas a bhaint as an liúntas 'gan aon chailteanas don Ioncam' dá bhforáiltear sa Chód Cleachtas don Iníúchadh Ioncaim agus Idirghabhálaithe Géilltúnais. Chinn an Coimisinéir nach raibh aon dlínse ag an TAC maidir leis an liúntas seo a chur i bhfeidhm.

Rinne an t-achomharc seo breithniú chomh maith cé acu a bhí an tAchomharcóir ag gabháil do thrádáil athmhúnlaithé carranna/díol agus ceannach carranna. Rinneadh grinnbhreithniú ar 'sé shuaitheantas tráchtála' agus bunaithe ar an bhfianaise agus na tosca a bhain leis 'na sé shuaitheantas' san achomharc seo, shocraigh an Coimisinéir nach raibh tráchtáil ar siúl ag an Achomharcóir.

Ráta Cánach infheidhme ar Ioncam Inchánach a áiríonn ús Ábhartha – S.261(c)(i)(II) TCA 1997

Bhain socrú **06TACD2020** le feidhmiú alt 261(c)(i)(II) TCA 1997 agus conas a théann an t-alt seo i bhfeidhm ar an ráta laghdaithe cánach ioncaim agus an scoithphointe caighdeánach. Ba ús éarlais é cuid mhór d'ioncam an Achomharcóra, faoi réir ag DIRT. Lena chois sin bhí asbhaint incheadaithe suntasach a bhain le costais leighis i dteach altramaís sna blianta ábhartha sin. D'áitigh an Freagróir gurbh ionann feidhmiú alt 261(c)(i)(II) agus go raibh ioncam inchánach an Achomharcóra, tar éis asbhaintí, faoi réir ag cáin ag an ráta infheidhme DIRT, agus nach raibh feidhm leis an ráta 20% ná na rialacha maidir leis an scoithphointe ráta caighdeánach.

Chinn an Coimisinéir go raibh athbhrí le ciall agus le léirmhíniú alt 261(c)(i)(II). Chinn an Coimisinéir nach raibh na rialacha a bhain le hord ceart an fhaoisimh ar asbhaintí ná na rialacha scoithphointe don ráta caighdeánach sáraithe ag alt 261(c)(i)(II).

Dualgas Cruthúnais i ndáil le héileamh ar fhaoiseamh Caiteachais Leighis faoi S.469 TCA 1997.

Bhain socrú **54TACD2019** leis an bhfianaise is riachtanach chun a dheimhniú cén asbhaint faoisimh atá ag gabháil le táillí tí altramais faoi alt 469 de TCA 1997. San achomharc seo, rinne an Freagróir iniúchadh ar éileamh faoisimh an Achomharcóra agus tharraing siar faoiseamh ar chostais nach bhféadfadh an tAchomharcóir a chruthú le fianaise gurb iad féin a ghlan na costais.

Nuair a bhí an t-achomharc á shocrú, luaigh an Coimisinéir arís gurb amhlaidh in achomhairc chánach a dhéanann breithniú ar theidlíocht ar fhaoiseamh, is ar an gcáiníocóir atá an dualgas cruthúnais a léiriú go bhfuil an teidlíocht sin acu.

Tuairisciú Éigeantach Leictreonach – S.917EA (4) TAC 1997

Rinneadh breithniú i socrú **37TACD2019** ar dhiúltú d'iarratas ar eisiamh a rinne Achomharcóir ón oibleagáid na rialacháin maidir le tuairisciú éigeantach leictreonach a chomhlíonadh.

Chinn an Coimisinéir gur soiléir go raibh an tAchomharcóir faoi riail na n-oibleagáidí éigeantacha agus gur theip air an dualgas cruthúnais a chomhlíonadh nach bhféadfaí go réasúnta bheith ag súil go mbeadh an acmhainn acu tuairisceáin leictreonacha a dhéanamh nó nach raibh siad in inmhe sin a dhéanamh i ngeall ar aois nó ar éiglíocht.

Athéilimh Leictreonacha CBL – Alt 101 VATCA 2010 – aisíocaíochtaí cánach Ion-Phobail

I socrú **46TACD2019**, ba neach inchánach é an tAchomharcóir i mballstát AE eile. Bhain an socrú leis an bpróiseas faofa agus íoctha atá i bhfeidhm in Éirinn agus aisíocaíocht á héileamh trí chóras EVR an AE. Éisteadh le háitiú ón dá thaobh maidir leis an léirmhíniú ceart ar reachtaíocht CBL na hÉireann, ar Threoir an AE agus ar phróisis mholta an AE. Leag an tAchomharcóir béim shuntasach ar an bhfíric go raibh feidhm sa stát AE inar chónaigh sé le modhanna faofa nach raibh chomh dian céanna agus aisíocaíochtaí á bpróiseáil. Chinn an Coimisinéir go raibh foráil sa Treoir ar na forálacha reachtaíochta CBL in Éirinn a raibh feidhm leo san achomharc seo i ndáil leis an bhfaisnéis agus leis an gcáipéisíocht a iarradh chun éileamh ar aisíocaíocht a bhailíochtú, agus nach raibh de dhlínse ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach moltóireacht a dhéanamh maidir lena chothroime a chuirtear rialacháin CBL na hÉireann i bhfeidhm. Shocraigh an Coimisinéir gur ar an gcáiníocóir a bhí an dualgas teidlíocht shoiléir ar an aisíocaíocht a léiriú, de réir reachtaíocht CBL na hÉireann.

Stádas cánach duais liteartha airgid nár iarradh

An cheist a bhí le socrú in **04TACD2020** ná cé acu ab ionann airgead duaise ó dhuais idirnáisiúnta liteartha agus cuid de bhrabús scríbhneora ghairmiúil. D'áitigh an tAchomharcóir go raibh cinneadh déanta cheana ag Coimisinéirí Speisialta an RA gan cáin a ghearradh ar dhuais gan iarradh dá leithéid, agus gur chóir go mbeadh sé sin i bhfeidhm in Éirinn chomh maith agus nár chóir go mbeadh airgead duaise mar chuid de bhrabús inchánach an scríbhneora.

Rinne an Coimisinéir breithniú ar fhasaigh ábhartha dlíthiúla na hÉireann agus thug dá aire go raibh difear idir cásdlí na hÉireann agus RA maidir leis na tréithe tábhachtacha a úsáidtear lena dhéanamh amach cé acu a bhí an duais inchánach faoi Chás II nó nach raibh. Ghlac an Coimisinéir leis go mbeadh seasamh an Achomharcóra áititheach i gcomhthéacs an RA ach bhéimnigh sé go raibh dlí-eolaíocht na hÉireann difriúil. Chinn sé nár éirigh leis an Achomharcóir an dualgas cruthúnais a chomhlíonadh agus nach raibh léirithe nár chóir go mbeadh airgead na duaise mar chuid de bhrabús inchánach an scríbhneora.

Faoiseamh cánach ar ranníocaíocht aon-uaire pinsin

I socrú **38TACD2019** d'íoc an tAchomharcóir ranníocaíocht phinsin roimh an dáta ábhartha tuairiscithe dá thuairisceán cánach ioncaim, deich mbliana tar éis dheireadh na bliana. Mar sin féin, níor chuir an tAchomharcóir a thuairisceán cánach ioncaim isteach in am agus dhiúltaigh an Freagróir faoiseamh cánach a thabhairt sa bhliain roimhe óir níor roghnaíodh in am siardhátú a dhéanamh ar an ranníocaíocht. Bhí foráil reachtaíochta in alt 787(15) TCA 1997 nach dtabharfar faoiseamh *'seachas ar éileamh a dhéanfaí leis an gcigire agus a cheadóidh an cigire'*. Chinn an Coimisinéir go raibh athbhrí leis an gceanglas sa reachtaíocht an Cigire a chur ar an eolas ar dháta an tuairiscithe nó roimhe agus go raibh teipthe ar an Achomharcóir fianaise a thabhairt go raibh na ceanglais sin comhlíonta aige.

In-asbhainteacht Cánach Corparáidí ar Cháin Shiarchoinneálach Iasachta ar Dhíbhinní

Rinne socrú **08TACD2019** breithniú cé acu a d'fhéadfaí asbhaint a éileamh faoi alt 81(2) de TCA 1997 ar cháin shiarchoinneálach iasachta a gearradh i ndáil le díbhinní a fuarthas. Is é déantús margaidh agus soláthar leachtachta i dtáirgí casta airgeadais an gnó Éireannaigh a bhí ag an Achomharcóir. Mar dhéantóir margaidh i roghanna cothromais ar mhalartáin éagsúla Eorpacha, bhí ceanglas ar an Achomharcóir leachtacht a chur ar fáil don mhargadh trí roghanna a dhíol agus a cheannach.

D'fhéadfaí rioscaí a fhálú trí fritháireamh a dhéanamh ar shuíomhanna stoic i suíomhanna comhghaolaithe. Le linn a ghnáth-thrádála, ba ghnách leis an Achomharcóir suíomhanna stoic a choinneáil go rialta thar dháta tuairiscithe díbhinní agus dá réir sin gheobhadh sé díbhinní. Ba thoradh dosheachanta é sin ar a ghníomhaíochtaí trádála.

An tsaincheist a bhí faoi achomharc ná cé acu an costas in-athbhainte de réir alt 81 í an chain a coinníodh siar ó dhíbhinní iasachta le linn a thrádála, oiread agus nach bhféadfaí an cháin siarchoinneála a fhritháireamh mar chreidmheas le hais dhliteanas cánach an Achomharcóra. Coisceadh an tAchomharcóir ó dhíolúine a éileamh ar cháin chorparáideach faoi alt 21B(4)(c) de TCA 1997 agus diúltaíodh creidmheas chomh maith ar na cánacha siarchoinneála ó fhorálacha i dtaca le faoiseamh ar cháin dúbailte in alt 35 agus Sceideal 24. Mar sin gearradh cáin ar an Achomharcóir ar ioncam díbhinní gan aon teidlíocht chomhfhreagrach ar chreidmheas nó ar asbhaint don cháin iasachta a coinníodh siar ar an ioncam sin.

D'áitigh an tAchomharcóir cé nach gnách go mbíonn cánacha in-asbhainte ar an mbunús seo, is féidir go mbeadh faoi dhálaí áirithe. Níor aontaigh Ioncam leis sin agus d'áitigh gurb ionann cánacha siarchoinneála iasachta agus cáin ar an ioncam.

Tar éis na fíricí a bhreithniú, bhí an Coimisinéir sásta gurbh ionann aon cháin siarchoinneála a gearradh ar dhíbhinn nach bhféadfaí a éileamh ar ais faoi chomhaontú cánach dúbailte (DTA) agus costas deiridh dul isteach sa trádáil, ar nós 'costas an díolacháin' sa chuntasóireacht, agus bhí tionchar aige ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas deiridh glan a tháinig leis an trádáil iomlán.

Thug an Coimisinéir dá aire nach bhfuil aon phrionsabal sa cháindlí a chuireann an cháin as an áireamh mar asbhaint le hais brabús sa chás nach bhfuil an cháin bunaithe ar an mbrabús foluiteach. Lena chois sin, thagair an Coimisinéir don in-asbhainteacht a bhain le dleacht stampa na hiasachta, CBL neamh-athshlánaithe na hÉireann agus na hiasachta, Cáin Idirbheartaíochta Airgeadais na hiasachta agus ÁSPC fostóra.

Shocraigh an Coimisinéir gur chóir an cás seo a dhealú ó shocrú **02TACD2018**, a rinne breithniú ar cheistanna cosúla i gcomhthéacs na gcánacha siarchoinneála iasachta a gearradh ar ioncam ríchíosa. Sa chás ar láimh, thug an Coimisinéir dá aire nach ionann cáin siarchoinneála ar ioncam ríchíosa agus cáin siarchoinneála ar dhíbhinní óir tagann ioncam ríchíosa ó cheart ceadúnaithe agus is ioncam é a thuilltear. Chinn an Coimisinéir a mhalairt i gcás an achomhairc seo óir níor tuilleadh na díbhinní agus is amhlaidh a tháinig siad leis an trádáil agus díol agus ceannach na n-urrús.

Chinn an Coimisinéir gurbh ionann aon cháin siarchoinneála ar dhíbhinn a gearradh ar an Achomharcóir agus cáin a gearradh le linn don trádáil iomlán bheith á déanamh seachas i dtuilleadh ioncam na díbhinne. Is é a bhí sa cháin mar sin ná costas an trádáil sin a dhéanamh don Achomharcóir, óir ba é príomhchuspóir an Achomharcóra ná brabús a dhéanamh óna thrádáil chernach ar a fháltas scaireanna agus a straitéis fhálaithe a bhain leis sin. Dá thoradh sin, ba eisíocaíochtaí iad na cánacha sin ag an ngnó a rinneadh go hiomlán agus go heisiach chun críche na thrádála.

Iarradh ar an gCoimisiún um Achomhairc Chánach cás a shonrú agus a shíniú chun tuairim na hArd-Chúirte a lorg i ndáil leis an socrú seo.

Stádas LLC SAM chun críche an fhaoisimh ar Ghrúpa Éireannach

Bhain socrú **17TACD2019** le teidlíocht na nAchomharcóirí ar fhaoiseamh grúpa de bhun alt 411 de TCA 1997.

Bhain an t-achomharc le LLC de chuid Delaware a raibh smacht aige ar roinnt comhlachtaí, lena n-áirítear trí chomhlacht cónaitheach in Éireann, a rinne éilimh éagsúla ar fhaoiseamh grúpa faoi alt 411 in 2010, 2011 agus 2012. Ba chomhlachtaí cónaitheacha in Éirinn iad an comhlacht géillte agus na comhlachtaí éilithe agus ní raibh an LLC cónaitheach in Éirinn chun críche na cánach.

Chun críche an chailteanais cánach corparáidí, déanann alt 411 sainmhíniú ar ghrúpa comhlachtaí mar mháthairchomhlacht agus a fhochoimhlachtaí 75%.

Roimh an Acht Airgeadais 2012, níor bhain tagairtí do 'chomhlacht' in alt 411 ach do chomhlacht a bhí cónaitheach san AE nó i mBallstát de chuid an AE. Rinne an tAcht Airgeadais, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2012, leasú ar alt 411 chun comhlachtaí a áireamh atá cónaitheach i gcríoch lena bhfuil DTA ag Éirinn chun críche a fháil amach cé acu is ann do ghrúpa nó nach ea.

Níor roghnaigh an LLC go gcaithfí leis mar chomhlacht chun críche na cánach ioncam cónaidhme SAM, agus dá réir sin caitheadh leis faoi na rialacha bunúsacha. Mar thoradh ar an méid sin, gearradh cáin ar a ioncam ar aon dul lena mbaill, mar atá cúigear úinéirí a bhí cónaitheach chun críche na cánach i SAM.

Dhiúltaigh loncam do na héilimh ar fhaoiseamh grúpa ar an mbunús nach 'comhlacht' a bhí sa LLC agus go háirithe nach comhlacht é chun críche na cánach Éireannaí. Chomh maith leis sin, d'áitigh siad go raibh an LLC trédhearcach chun críche na cánach i SAM agus de bhun na bunrialach cánach SAM, ba chóir caitheamh leis mar neach nach ionann agus a úinéir. Thug loncam dúshlán na teidlíochta ar fhaoiseamh grúpa fosta, ar an mbunús nach raibh an LLC cónaitheach i SAM chun críche na cánach mar a bheadh an cháin chorparáideach Éireannach.

Rinne an Coimisinéir breithniú ar chásdlí a phléigh conas ba chóir don loncam Éireannach caitheamh le neach ón iasacht chun críche dhlí cánach na hÉireann. Maidir leis an gceist seo, d'éist sé le finnéithe saineolacha dhlí agus cháin SAM agus ansin rinne breithniú cé acu ba chosúla a dhóthain LLC le comhlacht Éireannach maidir le tréithe agus gnéithe le go gcaithfí leis mar chomhlacht corpraithe chun críche na cánach corparáidí in Éirinn. Shocraigh sé gurb amhlaidh a bhí.

Shocraigh an Coimisinéir lena chois sin, dá léirmhíneofaí go litriúil Airteagal 4 den DTA, ní raibh cáin dlite ar LLC i SAM i ndáil leis na blianta faoi achomharc. Mar sin féin, chinn an Coimisinéir Achomhairc tar éis breithniú a dhéanamh ar gach uile mhionghné den fhaoiseamh Éireannach grúpa agus an dícheangal is dealraitheach leis an gcód cánach i SAM, gur chóir léirmhíniú teileolaíoch a ghlacadh maidir le léirmhíniú conarthaí idirnáisiúnta. Dá réir sin, shocraigh an Coimisinéir gur chóir caitheamh le LLC amhail is go raibh cáin dlite air i SAM agus go raibh an cháin sin comhghaolmhar le cáin chorparáideach sa Stát de bhun gach ioncaim leis bheith faoi réir go hiomlán ag Cáin Ioncaim Cónaidhme faoi Chód Cánach SAM, ainneoin gur ag leibhéal an bhaill a tharla sé sin.

I bhfianaise an mhéid seo thuas, shocraigh an Coimisinéir Achomhairc gur comhlacht corpraithe é LLC, agus go raibh na hAchomharcóirí i dteideal leas a bhaint as faoiseamh grúpa de bhun Alt 411 TCA 1997.

Cáin Siarchoinneála Díbhinní

Rinne socrú **16TACD2019** breithniú mar cheist tosaigh cé acu ba chóir srian ceithre bliana a chur ar cheart loncaim measúnú a dhéanamh nó a leasú, faoi fhorálacha alt 955(3) de TCA 1997. Bhí Fógraí Measúnaithe curtha amach ag loncam maidir le cáin siarchoinneála díbhinní (DWT) in 2018 i ndáil lena dháileadh a rinneadh sna blianta 1999 go 2010. Theip ar an Achomharcóir tuairisceáin DWT a dhéanamh i ndáil leis na dáiltí agus d'fhoilsigh sé mionsonraí fúthu, agus an fhíríc nár asbhaineadh aon DWT, ar a thuairisceáin cánach corparáidí (Foirmeacha CT1) a tuairiscíodh do na blianta ábhartha.

Dar leis an Achomharcóir nach raibh ceangal air DWT a choinneáil siar ar an mbunús go ndearnadh na dáiltí as ioncam a bhí faoi neamhaird laistigh de bhrí alt 141(5) de TCA 1997 (an cheist shubstainteach).

Chinn an Coimisinéir éisteacht leis an gceist tosaigh i dtosach óir bhí de chumas sa cheist sin plé go cinntitheach leis an gceist shubstainteach. Shocraigh an Coimisinéir ansin nach dtugann alt 955(3) cosaint ach sa chás go bhfuil oibleagáidí reachtúla cáiníocóra comhlíonta go hiomlán. Shocraigh an Coimisinéir, tharla nach raibh an cáiníocóir tar eis tuairisceán DWT a chur isteach, nach raibh nochtadh iomlán ábhartha na bhfírící ábhartha déanta aige ar an tuairisceán oiriúnach DWT agus mar sin níor fhead sé teacht i dtír ar an srian as am a thugann alt 955(3).

Táthar ag súil go n-éistfear leis an gceist shubstainteach le linn 2020.

Cáin Fáltais Chaipitiúil

Rinne socrú **28TACD2019** breithniú cé acu ba chóir aisíoc teacht tar éis gur íocadh CGT go hearráideach i ndáil le scaireanna a bhí ar coinneáil ag soláthróir bainne in Newmarket

Cooperative Creameries Limited (NCC). Bhí an tAchomharcóir den tuairim gurbh ionann na scaireanna agus 'sócmhainn gnó inmhurir', mar a shainmhínítear in alt 598(1) de TCA 1997, agus gur úsáid sé iad ina ghníomhaíochtaí feirme agus dá réir sin gur chóir go mbeadh sé i dteideal faoiseamh scoir CGT.

Chuir an Freagróir suas d'áitiú an Achomharcóra agus áitíodh go raibh na scaireanna ar coinneáil mar infheistíocht agus mar sin ba 'sócmhainní eisiata' iad chun críche an fhaoisimh scoir CGT.

Chinn an Coimisinéir go raibh ceannach an bhainne ag NCC faoi riail an chórais cuótaí bainne agus nach raibh aon tionchar ag an scairsheilbh in NCC ar an gcóras sin. Ní raibh aon fhianaise ann gurbh ionann na scaireanna agus ceadúnas nó gur úsáid an tAchomharcóir na scaireanna chun críche na feirmeoireachta. Focal gníomhach é 'úsáid', agus is rud éigníomhach é scaireanna a choinneáil. Níor shócmhainn iad na scaireanna agus ní raibh iontu ach cuachadh ceart.

Tar éis grinnbhreithniú a dhéanamh ar phrionsabail an léirmhíneithe reachtúil mar a fheidhmítear iad chun críche na cánach, agus go háirithe an dealú sna sainmhíneithe dlíthiúla ar 'sócmhainní cáilithe' agus 'sócmhainní inmhuirir', shocraigh an Coimisinéir nach raibh an tAchomharcóir i dteideal faoiseamh scoir a éileamh ar a chuid scaireanna i NCC a dhiúscairt.

Dleacht Stampa

Bhain socrú **67TACD2020** le díospóid maidir le hinfhaighteacht faoisimh ar fhodhíol de réir alt 46 den Acht Comhdhlúite Dleacht Stampa 1999, mar a leasaíodh ('SDCA'). Bhí castacht áirithe ann maidir le cúlra na n-idirbheartaíochtaí, agus tá na mionsonraithe air sin leagtha amach sa socrú.

Shocraigh an Coimisinéir an méid seo a leanas:

- ní ligean oibriú alt 46(1) SDCA ainm an cheannaí a chur isteach faoin mbunconradh i gconradh an fhodhíola sa chás nach bhfuil acmhainn ag an gceannaí mar dhíoltóir a thuilleadh, i ndáil le conradh an fhodhíola.
- nach ionann uamadh duine i gconradh fodhíola i gcásanna a mbeidh rannpháirtíocht an duine sin iomarcach nó neamhriachtanach, agus cead a thabhairt ar éileamh ar fhaoiseamh fodhíola de réir alt 46(1) SDCA 1999 agus nach raibh cead mar sin ag an Achomharcóir teacht ar fhaoiseamh fodhíola.
- nár comhlíonadh na coinníollacha is riachtanach chun teacht ar fhaoiseamh fodhíola de réir alt 46 de SDCA.

Shocraigh an Coimisinéir mar sin go seasfadh an measúnú ar dhleacht stampra.

Cáin Ioncaim

Bhí 32 Achomharcóir aonair i gceist i socruithe **28TACD2020** go **59TACD2020**. Bhí ceisteanna sna hachomhairc maidir le hin-asbhainteacht caillteanas áirithe cánach a bhain do na hAchomharcóirí. Mhaígh na hAchomharcóirí gur chaillteanais incheadaithe Cáis 1 iad na caillteanais seo. Dhiúltaigh an Freagróir na caillteanais ar an mbonn nach caillteanais incheadaithe trádála iad. Thug na hAchomharcóirí faoi achomharc an tráth sin.

Tháinig ann do na caillteanais trí idirbheartaíochtaí casta chun díbhinní a fháil ó chomhlacht áirithe in Oileáin Bhriotanacha na Maighdean, arna mhaoiniú ag iasachtóir ó Oileáin Bhriotanacha na Maighdean. Chinn an Coimisinéir go ndearnadh na hidirbheartaíochtaí chun buntáiste cánach a thabhairt ann do na rannpháirtithe (na hAchomharcóirí), i riocht caillteanais cánach.

Shocraigh an Coimisinéir an méid seo a leanas:

- an aidhm agus an cuspóir a bhí le gach idirbheartaíocht le díbhinn a cheannach ná idirbheartaíocht a ghin caillteanais a athrú ina idirbheartaíocht luachmhar ó thaobh cánach de do gach duine de na hAchomharcóirí trí chaillteanais chánach a ghiniúint a d'úsáid na hAchomharcóirí chun an t-ioncam inchánach a laghdú.
- ní raibh na hAchomharcóirí ag gabháil do thrádáil in ionstraim airgeadais agus urrúis.
- ní raibh baint ag alt 812 TCA 1997 le díbhinn a shannadh mar ioncam 'úinéir' na n-urrús foluiteach sa chás go bhfuil an t-úinéir sin bunaithe lasmuigh den Stát agus nach bhfuil sé faoi dhlínse an Oireachtais ná laistigh de cheantair inmhuirir cháin na hÉireann agus, bunaithe ar an bhfianaise agus ar na haighneachtaí san achomharc, ní raibh aon bhunús ann leis an tuairim a bheith ann nach raibh na hAchomharcóirí faoi réir cháin ioncaim ar a n-ioncam iasachta ó dhíbhinní de réir alt 18 TCA 1997.
- bhí na hAchomharcóirí laistigh go daingean den mhuirear cánach in alt 18 TCA 1997 i ndáil lena n-ioncam ó dhíbhinní iasachta.
- níor éirigh leis na háitithe amhrais a thuiriscigh líon áirithe Achomharcóirí an t-amhras a shainiú, mar is riachtanach faoi alt 955(4)(a). Anuas air sin, de reir s.955(4)(b) de TCA 1997, shocraigh an Coimisinéir nach raibh na háitithe amhrais seo fíor agus go raibh na hAchomharcóirí ag gníomhú chun an cháin a sheachaint.

Thacaigh an Coimisinéir leis na measúnuithe leasaithe Sceideal D a chruthaigh an Freagróir i ndáil leis na blianta measúnaithe cánach 2009 agus/nó 2020.

Cúrsaí eile a shocraigh an TAC

D'eisigh an TAC socrúithe eile le linn 2019 i ndáil le cúrsaí eile cánach nár luadh thuas, mar atá:

- Rinne socrú **05TACD2020** socrú faoi theidlíocht an Achomharcóra ar an bhfaoiseamh cánach dá ngairtear go hiondúil an *Díolúine Ealaíontóra*.
- Rinne socrú **21TACD2019** breithniú ar theidlíocht an Achomharcóra ar an bhfaoiseamh cánach dá ngairtear go hiondúil an *Scéim Cabhair chun Ceannach*.
- Bhain socrú **55TACD2019** le hachomharc ar dhiúltú faoiseamh a thabhairt ar ús a íocadh ar iasacht tí de réir alt 244 de TCA 1997, ar faoiseamh é dá ngairtear go hiondúil *faoiseamh ús morgáiste*.
- Bhain socrú **50TACD2019** leis an gceist cé acu ba chóir breithniú ar fheithicil mar 'modh nua iompair' de réir alt 1 de VATCA 2010 agus CBL dlite air mar sin ar a hallmhairiú.
- Bhain socrú **13TACD2020** le hachomharc ar dhiúltú díolúine a thabhairt don Achomharcóir ón gcáin ioncaim de bhun alt 192A de TCA 1997, arb ionann é agus *díolúine i ndáil le híocaíochtaí áirithe faoi dhlí na fostaíochta*.

Athbhreithniú ar Ualach Oibre agus ar Oibríochtaí an Choimisiúin um Achomhairc Chánach

Ar an 6 Meitheamh 2018, thionscain an tAire Airgeadais, an t-Uas. Paschal Donohoe TD, athbhreithniú neamhspleách ar ualach oibre agus ar oibríochtaí an TAC i gcomhthéacs iarratas a rinne an TAC ar a Roinn ag iarraidh breis foirne agus acmhainní. Cheap an tAire Niamh O'Donoghue, iar-Ard-Rúnaí na Roinne Leasa Shóisialaigh, leis an athbhreithniú a dhéanamh.

San athbhreithniú a rinne sí, chuaigh Niamh O'Donoghue i gcomhairle leis na Coimisinéirí TAC agus an fhoireann, na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Airgeadais, an Dlí-Chumann, ionadaithe ó Bharra na hÉireann, comhlachtaí gairmiúla cuntasáiochta agus lucht cleachtas ón earnáil phríobháideach

Sa tuarascáil a rinne sí ('Tuarascáil O'Donoghue'), a foilsíodh ar an 9 Deireadh Fómhair 2018, rinneadh roinnt moltaí i dtaca le foireann, le hacmhainní agus le rialachas corparáideach an TAC. D'fháiltigh an TAC roimh thorthaí na Tuarascála agus d'oibrigh sé ó shin i gcomhar leis an Roinn Airgeadais agus le comhlachtaí eile chun na moltaí sa tuarascáil a chur i bhfeidhm.

Le linn 2019, le tacaíocht an Aire agus na Roinne Airgeadais, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le moltaí na Tuarascála a chur i bhfeidhm.

Dul chun cinn ar fheidhmiú

Buiséad

D'aithin Tuarascáil O'Donoghue gur ghá ardú suntasach ar bhuiséad an TAC in 2017 dá mbeifí lena moltaí a chur i bhfeidhm. Mar thoradh air sin, méadaíodh buiséad 2019 go €3.2 milliún mar mhacalla ar an gcostas measta ar fheidhmiú le linn 2019. Mar a phléitear níos mó i gcaibidil 16, chaith TAC timpeall €1.7 milliún le linn 2019. Tharla an tearc-chaitheamh, i gcomparáid leis an leithdháileadh buiséid, i ngeall go príomha ar an am a bhí riachtanach chun próisis earcaíochta a dhéanamh agus chun an fhoireann a aimsiú a mhol an Tuarascáil. Faoi dheireadh 2019, bhí foireann 28 ag an gCoimisiún, arb ionann agus dhá oiread na foirne a bhí ann i ndeireadh 2018.

Acmhainní Foirne agus Coimisinéara

Earcaíodh Príomh-Oifigeach Oibríochtaí (COO) buan ag céim an Phríomh-Oifigigh agus thosaigh an duine sin ag obair le TAC i mí Feabhra 2019. Ceapadh foireann bhreise le linn na bliana ag leibhéal an Phríomh-Oifigigh Chúnta, Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin, Oifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Cléireachais, rud a fhágann go bhfuil struchtúir an TAC ag teacht níos fearr leis na moltaí i dTuarascáil O'Donoghue. Le linn Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair 2019, ceapadh beirt Choimisinéirí sealadacha Achomhairc lánaimseartha, agus ceann amháin páirtaimseartha, sa TAC.

Fostaíodh bainisteoir lánaimseartha TEF sa dara leath de 2019, agus an tasc aige straitéis TEF a fhorbairt agus feabhas a chur ar na hoibríochtaí TEF laistigh den TAC. Thoiligh Príomh-Oifigeach Oifig Faisnéise an Rialtais bheith ag obair leis an TAC le linn 2020 chun cúnaimh a thabhairt an TAC a nascadh le líonraí rialtais agus tacaíocht bonneagair agus teicniúil a chur ar fáil.

Moladh mór de chuid Thuarascáil O'Donoghue ná go gceapfaí Cathaoirleach ar an gCoimisiún um Achomhairc Chánach. Tá forálacha san Acht Airgeadais (Rialachán Achomharc Cánach agus Réamheolaire) 2019, a bhí mar leasú ar an Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015, go mbunófaí post an Chathaoirligh ar an gCoimisiún um Achomhairc Chánach. Beidh freagracht ar an gCathaoirleach i dtaca le ceannas, rialachas agus treo straitéiseach an Choimisiúin um Achomhairc Chánach. Tá próiseas earcaíochta ar bun faoi láthair agus táthar ag súil go ndéanfar ceapachán sa dara ráithe de 2020.

Bainistíocht Cásanna

Tá baill an Choimisiúin um Achomhairc Chánach neamhspleách maidir lena bhfeidhmeanna i dtaca lena n-ualaí aonair cásanna atá le héisteacht agus/nó le socrú. Leanadh den obair i gcaitheamh na bliana chun gach ualach cásanna faoi seach a laghdú. Úsáideadh Comhdhálacha Bainistithe Cásanna (CMCanna) chun achomhairc a chur chun cinn nuair is oiriúnach agus thosaigh na Coimisinéirí Sealadacha Achomhairc ag obair ar éisteachtaí agus ar shocruithe lena n-áirítear socruithe alt 949U. Tá líomhadh chionroinnt na mbainisteoirí cáis ag Coimisinéirí Achomhairc ar leanúint de réir fhorálacha Acht 2015, agus tosaíodh sa chéad chuid de 2020 ar chlár oiliúna agus forbartha do bhainisteoirí cáis, a bunaíodh in 2019. In 2019, rinne an fhoireann riaracháin athbhreithniú ar gach uile chomhad cáis, rud a críochnaíodh sa chéad ráithe de 2020.

Tacaíocht Chorparáideach agus Oibríochtaí

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an TAC i dtreo soláthar a fheabhsú maidir le tacaíochtaí corparáideacha le linn 2019. Bhí líon áirithe moltaí i dTuarascáil O'Donoghue maidir le soláthar fadtéarmach agus gearrthéarmach na bhfeidhmeanna seo. Rinneadh an t-athbhreithniú inmheánach ar na tacaíochtaí corparáideacha a bhí ag teastáil ón TAC agus cuireadh an moladh againn ar aghaidh chuig an Roinn Airgeadais agus súil againn go mbeidh comhaontú faoi struchtúr tacaíochtaí corparáideacha don eagraíocht sa bhliain amach romhainn.

Staidreamh

Líon Achomharc sa Bhliain faighte ag TAC	48
Achomhairc Faighte in 2019	50
Achomhairc a Dúnadh 2019	51
Achomhairc – Príomhchineálacha Cánach	52
Cáin Ilchineálach	55
Achomhairc Liostaithe le hÉisteacht in 2019	56
Socruithe	58
Comhdhálacha Bainistithe Cásanna in 2019	61
Dul chun Cinn ar gach Achomharc in 2019	64

Nóta 1: I gcuid de na táblaí sna leathanaigh a leanann léirítear an ‘candam faoi dhíospóid’ in achomhairc atá faighte ag an gCoimisiún um Achomhairc. Ba chóir breathnú ar an bhfigiúr seo mar mheastachán ar an mbunús seo a leanas:

- is féidir go ndéanfaí coigeartú ar an mbunchandam cánach atá faoi dhíospóid tar éis fógra an achomhairc dul isteach (i.e. sa chás go nglantar nó go n-aistarraingítear gné den achomharc).
- D’fhéadfaí nach mbeadh na páirtithe ar aon intinn faoin gcandam cruinn cánach atá faoi dhíospóid
- ní bhíonn luach airgid achomharc inríofa i gcónaí (e.g. in achomhairc ina bhfuil an ráta cánach faoi dhíospóid nó in achomhairc i ndáil le diúltú Deimhniú Imréitigh Cánach).

Nóta 2: Is tábhachtach a lua go mbíonn síorathrú faoi staidreamh a bhaineann le hachomhairc agus go ndéantar nuashonrú orthu ar bhonn laethúil de réir comhfhreagrais agus teachtaireachtaí a fhaightear. Faoi dheireadh R1 2020, léiríonn an tuarascáil seo pictiúr cruinn de chúrsaí na bliana féilire 2019.

Líon Achomharc sa Bhliain a fhaigheann TAC

Bunaíodh TAC ar an 21 Márta 2016. Tá córas catagóirithe achomharc ann mar mhacalla ar na hachomhairc a bhí idir lámha roimh bhunú an TAC ('achomhairc roimh bhunú'), achomhairc a fuarthas tar éis bhunú TAC ('achomhairc reatha'), agus achomhairc an ama atá caite a aistríodh ó na Coimisinéirí Ioncaim ('achomhairc iarmharacha') agus cuirtear síos dá réir sin ar na hachomhairc.

Tugann an tábla thíos léargas ar an líon achomharc a fuarthas agus a dúnadh ó bunaíodh an TAC in 2016:

Bliain	Iomlán	Iarmharach	Roimh Bhunú	Reatha			
				2016	2017	2018	2019
2016							
Achomhairc a fuarthas in 2016*	2,357	1,159	297	901			
Dúnta in 2016	(206)	(1)	(9)	(196)			
Iarmhéid (31/12/16)**	2,151	1,158	288	705			
2017							
Achomhairc a fuarthas in 2017	1,747				1,747		
Dúnta in 2017	(690)	(175)	(33)	(223)	(259)		
Iarmhéid (31/12/17)**	3,208	983	255	482	1,488		
2018							
Achomhairc a fuarthas in 2018	1,689					1,689	
Dúnta in 2018	(1,438)	(252)	(85)	(204)	(406)	(491)	
Iarmhéid (31/12/18)**	3,459	731	170	278	1,082	1,198	
2019							
Achomhairc a fuarthas in 2019	1,495						1,495
Dúnta in 2019	(1,584)	(205)	(74)	(86)	(204)	(357)	(658)
Iarmhéid (31/12/19)	3,370	526	96	192	878	841	837
Achoimre							
Achomhairc a fuarthas	7,288	1,159	297	901	1,747	1,689	1,495
Dúnta	(3,918)	(633)	(201)	(709)	(869)	(848)	(658)
Iarmhéid (31/12/19)	3,370	526	96	192	878	841	837

*Mar gheall ar athbhreithniú ar na comhaid iarmharacha ag an TAC in 2017, laghdaigh an TAC an líon achomharc iarmharach ó 2,758 go 1,159 trí mheasúnuithe ó bhlianta cánach a chur ina ngrúpa maidir leis na hachomharcóirí céanna agus trí ghrúpaí a dhéanamh de shaincheisteanna bainteacha.

Ina lán cásanna, déanfaidh achomharcóir achomharc faoin gceist chéanna thar thréimhse blianta cánach agus sna cásanna sin, is mar aon achomharc amháin a chaitear leis na hachomhairc seo. In achomhairc ina ndearna cáiníocóir achomharc leis na Coimisinéirí Ioncaim roimh bhunú an TAC ('achomharc iarmharach') agus achomharc arís i mbliain mheasúnaithe tar éis bunaithe, is féidir go ndéanfaí aon ghrúpa amháin de na hachomhairc seo. Chun críche an riaracháin, déantar achomhairc a chur i ngrúpaí más iomchuí sin, ach mar sin féin ní fhóireann gach achomharc bainteach don ghrúpáil seo.

** Rinneadh athbhreithniú in 2019 ar gach cás a osclaíodh agus a dúnadh ar an gCóras Bainistithe Cásanna ó 21 Márta 2016. Rinneadh athbhreithniú faoi leith ar gach achomharc aonair. Rinneadh anailís ar aon mhír nó aon dúbailt agus leasaíodh sin dá réir, rud a fhágann nach ionann go díreach na figiúirí thuas agus an figiúr i dTuarascáil Bhliantúil 2018.

Níthe le tabhairt faoi deara maidir le gach achomharc:

- Gníomhaire ar son achomharcóra a láimhseáil breis agus 50% d'achomhairc (idir oscailte agus dhúnta) in 2019
- Tá ilbhlianta measúnaithe cánach nó iltréimhsí measúnaithe faoi dhíospóid i dtimpeall an ceathrú cuid de na hachomhairc.
- De na hachomhairc atá idir lámha, aithnítear breis agus 700 mar chuid de ghrúpa achomharc ina bhfuil saincheist(eanna) á n-achomharc.

Achomhairc a Fuarthas in 2019

Tháinig 1,495 achomharc faoi bhráid an TAC le linn 2019, nó 194 níos lú ná an líon a tháinig in 2018. Tá athbhreithniú déanta ar gach achomharc a fuarthas agus tá siad á bpróiseáil ina gcéimeanna. Tá léargas ar achomhairc a fuarthas agus ar an gcandam cánach atá faoi dhíospóid in 2019 briste síos mar seo a leanas:

2019 Mí	Líon Achomharc a fuarthas	Candam* €000	Cineál Cánach sna hAchomhairc***	Líon Achomharc a fuarthas	% den iomlán	Candam* €000
Ean	162	27,742	IT	625	42	43,759
Fea	114	5,582	CBL	311	21	30,074
Már	117	8,325	VRT	184	12	542
Aib	101	6,582	CT	90	6	263,445
Bea	116	16,746	Eile****	153	10	16,839
Mei	97	13,258	CGT	81	6	10,558
Iúil	128	87,348	CAT	51	3	13,708
Lún	130	3,263	IOMLÁN	1,495	100	378,925
MF	109	6,825				
DF	113	4,934				
Sam	143	14,522				
Noll**	165	183,798				
IOMLÁN	1,495	378,925				

* Féach nóta 1 ar lch 47 a leagann amach conas a ríomhtar an figiúr 'candam faoi dhíospóid'

** Seacht n-achomharc faighte sa tseachtain deiridh de Nollaig 2019 agus luach timpeall €170 milliún acu. Dá mbainfí na hachomhairc den tsuim iomlán don bhliain, is é €209 milliún an candam le haghaidh achomharc in 2019.

*** Chun críche na hanailíse ar cheannteideal cánach rinneadh achomharc ina bhfuil níos mó ná ceannteideal amháin a ríomh mar aon achomharc arna chatagóiriú faoina phríomh-cheannteideal cánach. Is féidir teacht ar anailís ar ilchineálacha cánach níos faide anonn sa chaibidil seo.

**** Cuimsíonn 'Eile' C&E, DIRT, DWT, LPT, RCT agus Dleacht Stampaí.

Achomhairc a Dúnadh in 2019

Dhún an Coimisiún um Achomhairc Chánach 1,584 achomharc in 2019 trí shocrú, glanadh, aistarraingt, diúltú, nó achomhairc a chur le chéile nó a dhíbheadh. Anois agus méadú ar an líon foirne agus feabhas ar na próisis, ba mhó an líon achomharc a dúnadh in 2019 ná an 1438 a dúnadh in 2018. Is é 2019 an chéad bhliain a dhún TAC níos mó achomharc ná a tháinig faoina bhráid, rud is cúis le titim 89 ar an líon achomharc atá ar láimh i ndeireadh na bliana. Tá léargas thíos ar na hachomhairc a dúnadh in 2019.

2019 Mí	Líon Achomharc a Dúnadh	Candam* €000
Ean	91	206,647
Fea	59	121,786
Már	107	51,709
Aib	92	23,450
Bea	120	45,157
Mei	149	27,648
Iúil	153	16,289
Lún	110	15,664
MF	174	11,893
DF	216	6,619
Sam	176	87,095
Noll**	137	51,137
IOMLÁN	1,584	665,094

Cineál Cánach sna hAchomhairc a Dúnadh**	Líon Achomharc a Dúnadh	%	Candam* €000
IT	777	49	117,638
CBL	256	16	80,712
VRT	175	11	409
CT	78	5	362,686
Eile***	116	8	18,746
CGT	146	9	81,730
CAT	36	2	3,173
IOMLÁN	1,584	100	665,094

Catagóir / Bliain a fuarthas	Líon Achomharc a Dúnadh	Candam* €000
Iarmharach	205	182,010
Roimh Bhunú	74	55,690
2016	86	20,691
2017	204	330,505
2018	357	54,514
2019	658	21,684
IOMLÁN	1,584	665,094

Fáth le Dúnadh an Achomhairc	Líon Achomharc a Dúnadh	Candam* €000
Rinneadh socrú****	119	59,442
Díbheadh	95	12,645
Tugadh le chéile / Comhdhlúite	4	800
Diúltaíodh	184	8,358
Glanadh	730	351,253
D'aistarraing an tAchomharcóir	452	232,596
IOMLÁN	1,584	665,094

* Féach Nóta 1 ar leathanach 47 a leagann amach conas a dhéantar an figiúr 'candam faoi dhiospóid' a ríomh.

** Chun críche na hanailíse ar cheannteidil chánach rinneadh achomharc ina bhfuil níos mó ná ceanteideal amháin a ríomh mar aon achomharc arna chatagóir faoina phríomh-cheannteideal cánach. Is féidir teacht ar anailís ar ilchineálacha cánach níos faide anonn sa chaibidil seo.

*** Cuimsíonn 'Eile' C&E, DIRT, DWT, LPT, RCT agus Dleacht Stampaí.

**** Bhí socrú amháin ann in 2019 a bhain le 32 achomharc aonair. De réir na reachtaíochta, eisíodh 32 socrú aonair.

Achomhairc – Príomhchineálacha Cánach

Tá cuid mhór achomharc ann ina bhfuil níos mó ná aon chineál amháin cánach i gceist, nó níos mó ná cineál amháin creidmheasa, asbhainte, faoisimh nó díolúine. Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na príomhchineálacha cánach a tháinig faoi dhíospóid thar na hachomhairc a osclaíodh agus a dúnadh in 2019:

Príomhchineál Cánach nó Saincheist Achomharc a Osclaíodh / Dúnadh in 2019				
Cineál Cánach*	Líon Achomharc a Fuarthas	Candam** €000	Líon Achomharc a Dúnadh	Candam** €000
IT	625	43,760	777	117,638
CBL	311	30,074	256	80,712
VRT	184	542	175	409
CT***	90	263,445	78	362,686
Eile****	153	16,838	116	18,746
CGT	81	10,558	146	81,730
CAT	51	13,708	36	3,173
IOMLÁN	1,495	378,925	1,584	665,094

- * Chun críche na hanailíse ar cheannteideal cánach rinneadh achomharc ina bhfuil níos mó ná ceannteideal amháin a ríomh mar aon achomharc arna chatagóiriú faoina phríomhcheannteideal cánach. Is féidir teacht ar anailís ar ilchineálacha cánach níos faide anonn sa chaibidil seo.
- ** Féach nóta 1 ar lch 47 a leagann amach conas a ríomhtar an figiúr 'candam faoi dhíospóid.
- *** Seacht n-achomharc faighte sa tseachtain deiridh de Nollaig 2019 agus luach timpeall €170 milliún acu. Dá mbainfí na hachomhairc den tsuim iomlán don bhliain, is é €209 milliún an candam le haghaidh achomharc in 2019.
- **** Cuimsíonn 'Eile' C&E, DIRT, DWT, LPT, RCT agus Dleacht Stampaí.

Le linn 2019, ba í an cháin ioncaim arís an cineál cánach is mó a spreag achomhairc – is léi a bhain 42% de na hachomhairc a fuarthas. Is CBL, VRT, CT agus CGT ba chúis le 45% eile de na hachomhairc idir lámha.

Bhí titim 281 ar an líon achomharc faoi cháin ioncaim a fuair an TAC, rud a d'fhág titim iomlán sa chéatadán ó 54% go 42%. San am céanna, tháinig fás 115 ar an líon achomharc CBL, rud a d'fhág méadú ar an gcéatadán iomlán don CBL ó 12% go 21%. Is cosúil a bheag nó a mhór na ceanteidil chánach sna hachomhairc a fuarthas in 2019 agus iad siúd a tháinig in 2018.

In 2019, fuair TAC 142 achomharc a thagair do ÍMAT, PRSI nó MSU. Idir na cineálacha seo cánach bhí 9% de gach cineál cánach i ndáil le hachomhairc a fuarthas in 2019. Cé go mbaineann cuid de na hachomhairc seo le ceisteanna inachomhairc, bhain cuid eile le dliteanas cánach seachas le hachomharc ar mheasúnuithe cánach nó socrúithe. Is fearr a phléifí le ceisteanna den sórt trí chainéil seirbhíse custaiméara na gCoimisinéirí Ioncaim.

Leagann an tábla a leanas amach na 4 chineál cánach is mó dar tagraíodh in achomhairc ó 21 Márta 2016. Bhí méadú ar an líon achomharc tar éis 2016, rud ba chúis le méadú ar an líon achomharc faoi gach ceann de na 4 phríomhchineál cánach agus faoi na cineálacha cánach eile.

Ceithre chineál cánach ar mó ar tagraíodh dóibh ó 2016 anall*					
Líon Achomharc a Fuarthas (sa bhliain)	Líon Iomlán Achomharc a Fuarthas	IT	CBL	VRT	CT
2016	901	472	87	104	52
2017	1,747	1,116	141	129	126
2018	1,689	906	196	205	131
2019	1,495	625	311	184	90

* Chun críche na hanailíse ar cheannteideal cánach rinneadh achomharc ina bhfuil níos mó ná ceannteideal amháin a ríomh mar aon achomharc arna chatagóiriú faoina príomh-cheannteideal cánach. Is féidir teacht ar anailís ar ilchineálacha cánach níos faide anonn sa chaibidil seo.

Leagann an tábla a leanas amach na príomhchineálacha cánach faoi dhíospóid sna hachomhairc a osclaíodh agus a dúnadh ó bunaíodh an TAC in 2016:

Príomhchineál cánach Achomharc a Osclaíodh / Dúnadh ó bhí 2016 ann*								
	Iomlán	IT	CT	CGT	CBL	CAT	VRT	Eile**
2016								
Achomhairc Faighte	2,357	1,495	139	226	174	57	112	154
Achomhairc Dúnta	(206)	(102)	(14)	(7)	(9)	(6)	(31)	(37)
Iarmhéid	2,151	1,393	125	219	165	51	81	117
2017								
Achomhairc Faighte	1,747	1,116	126	97	141	35	129	103
Achomhairc Dúnta	(690)	(409)	(44)	(72)	(55)	(11)	(48)	(51)
Iarmhéid	3,208	2,100	207	244	251	75	162	169
2018								
Achomhairc Faighte	1,689	906	131	99	196	40	205	112
Achomhairc Dúnta	(1,438)	(823)	(95)	(93)	(107)	(34)	(169)	(117)
Iarmhéid	3,459	2,183	243	250	340	81	198	164
2019								
Achomhairc Faighte	1,495	625	90	81	311	51	184	153
Achomhairc Dúnta	(1,584)	(777)	(78)	(146)	(256)	(36)	(175)	(116)
Iarmhéid	3,370	2,031	255	185	395	96	207	201

* Chun críche na hanailíse ar cheanteideal cánach rinneadh achomharc ina bhfuil níos mó ná ceanteideal amháin a ríomh mar aon achomharc arna chatagóiriú faoina príomh-cheanteideal cánach. Is féidir teacht ar anailís ar ilchineálacha cánach níos faide anonn sa chaibidil seo

** Cuimsíonn 'Eile' RCT, LPT, C&E, DIRT, PSWT, Dleacht Stampa agus DWT

Leagann an tábla a leanas amach na príomhchineálacha cánach faoi dhíospóid sna hachomhairc a osclaíodh agus a dúnadh ó bunaíodh an TAC in 2016:

Príomhchineálacha Cánach sna hAchomhairc a Osclaíodh / Dúnadh ó 2016 de réir Candaim*								
	Iomlán	IT	CT	CGT	CBL	CAT	VRT	Eile**
	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m
2016								
Achomhairc faighte	1,476.68	482.57	511.23	224.53	97.98	67.35	0.17	92.85
Achomhairc dúnta	(10.99)	(7.85)	(0.13)	(0.15)	(0.27)	(0.28)	(0.06)	(2.25)
Iarmhéid	1,465.69	474.72	511.10	224.38	97.71	67.07	0.11	90.60
2017								
Achomhairc faighte	849.13	82.39	605.84	22.44	118.39	6.92	0.65	12.50
Achomhairc dúnta	(240.63)	(35.51)	(147.60)	(44.63)	(9.89)	(1.34)	(0.13)	(1.53)
Iarmhéid	2,074.19	521.60	969.34	202.19	206.21	72.65	0.63	101.57
2018								
Achomhairc faighte	2,532.25	91.74	2,333.75	17.10	71.11	9.62	1.82	7.11
Achomhairc dúnta	(569.01)	(263.86)	(188.55)	(18.65)	(23.04)	(64.10)	(0.37)	(10.44)
Iarmhéid	4,037.43	349.48	3,114.54	200.64	254.28	18.17	2.08	98.24
2019***								
Achomhairc faighte	378.93	43.76	263.45	10.56	30.07	13.71	0.54	16.84
Achomhairc dúnta	(665.1)	(117.64)	(362.69)	(81.73)	(80.71)	(3.17)	(0.41)	(18.75)
Iarmhéid	3,751.26	275.60	3,015.30	129.47	203.64	28.71	2.21	96.33

* Féach Nóta 1 ar leathanach 47 a leagann amach conas a dhéantar an figiúr 'candam faoi dhíospóid' a ríomh. Chun críche na hanailíse ar cheanteidil chánach rinneadh achomharc ina bhfuil níos mó ná ceanteideal amháin a ríomh mar aon achomharc arna chatagóiriú faoina príomh-cheanteideal cánach. Is féidir teacht ar anailís ar ilchineálacha cánach níos faide anonn sa chaibidil seo.

** Cuimsíonn 'Eile' RCT, LPT, C&E, DIRT, PSWT, Dleacht Stampa agus DWT

*** Bhí seacht n-achomharc sa dá sheachtain dheireanacha de mhí na Nollag 2019 agus suim timpeall €170 milliún in gceist iontu. Sa chás go bhfágfaí na hachomhairc sin as an iomlán don bhliain, ba é €209 milliún an figiúr candaim do na hachomhairc a fuarthas in 2019.

Ilchineálacha Cánach

Tugann an tábla thíos le fios an líon iomlán achomharc a phróiseáil an TAC thar cheithre chatagóir achomhairc (achomhairc 2016, 2017, 2018 agus 2019) inar mó ná aon chineál amháin cánach a bhí á achomharc.

Líon Achomharc le hIlchineálacha Cánach ó 21 Márta 2016				
Líon Cineálacha Cánach	2019	2018	2017	2016
2	72	79	150	58
3	10	24	35	13
4		9	14	2
5			5	1
IOMLÁN	82	112	204	74

In 2018, bhain 6.6% de gach achomharc le hIlchineálacha cánach. Tháinig laghdú go 5.5% in 2019 ar an gcéatadán achomharc a bhain le hIlchineálacha cánach. Tugann an tábla thíos le fios na príomhchineálacha cánach dar tagraíodh in achomhairc in 2019.

Achoimre ar phríomh-ilchineálacha cánach dar tagraíodh in achomhairc a fuarthas in 2019			
Cineálacha Cánach	Achomhairc le 2 Chineál Cánach	Achomhairc le 3 Chineál Cánach	Candam €000*
IT (ÍMAT/ÁSPC/MSU)	32	7	3,844
IT (CBL)	16		3,812
IT (LPT)	2		8
IT (CAT)	6		3,764
Eile	16	3	782
IOMLÁN	72	10	12,210

* Féach nóta 1 ar lch 47 a leagann amach conas a ríomhtar an figiúr 'candam faoi dhíospóid'.

Achomhairc a liostaíodh le héisteacht in 2019

Le linn 2019, bhí i gceist 224 éisteacht a réachtáil, a bhain do 624 achomharc lenar bhain candam iomlán €851m, thar 377 lá. In 2018, bhí i gceist 167 éisteacht a réachtáil i ndáil le 248 achomhairc aonair le candam €58m. Mhair na héisteachtaí idir leath lae agus trí seachtaine.

Tugann an méid seo a leanas eolas ar thorthaí na n-éisteachtaí:

Toradh*	2019	Candam**	2018	Candam**
Le héisteacht ach curtha ar athló nó aistarraingte roimh éisteacht:				
Glanta / Aistarraingte roimh éisteacht	25	348,831	17	12,250
Curtha ar athló roimh éisteacht	127	350,456	90	35,468
<i>Fo-iomlán</i>	152	699,287	107	47,718
A chuaigh ar aghaidh:				
S949AA – aistarraingte as neamhláithreacht	4	65	5	133
Glanta tar éis éisteachta	9	14,820		
Tosaíodh an éisteacht ach cuireadh ar athló í	30	38,427	14	4,412
Críochnaíodh éisteacht le haghaidh socrú a dhéanamh	29	98,753	41	5,452
<i>Fo-iomlán</i>	72	152,065	60	9,997
IOMLÁN	224	851,352	167	57,715

* Is féidir gur tháinig athrú ar stádas achomhairc a luaitear thuas e.g. is féidir i gcás achomharc atá 'críochnaithe le haghaidh socrú a dhéanamh' go bhfuil siad sin socraithe faoi thráth foilsithe na tuarascála seo. Ar aon dul leis sin, tá achomhairc ann a cuireadh ar athlá ach atá faoin am seo 'críochnaithe le haghaidh socrú a dhéanamh'

** Féach nóta 1 ar lch 47 a leagann amach conas a ríomhtar an figiúr 'candam faoi dhíospóid'.

Tá roinnt fáthanna a gcuirfí éisteacht ar athlá, e.g. le cead a thabhairt fianaise bhreise a chur isteach nó le leanúint den éisteacht ar lá eile mura mbíonn sé críochnaithe ar an gcéad lá. Chomh maith leis sin, ag brath ar imthosca, is féidir go gcuirfí éisteachtaí ar athlá chun fanacht le himeachtaí Cúirte atá le glacadh san áireamh ag Coimisinéir.

Cé go raibh 224 éisteacht le réachtáil in 2019, cuireadh 127 éisteacht ar athlá sula raibh éisteacht ann, ainneoin go raibh páirtithe ar an eolas faoin infhaighteacht dátaí roimh ré. Bhí sé seo ina chúis le méadú ar éisteachtaí a cuireadh ar athlá i gcomparáid le 2018. I ngeall ar an méadú ar an gcur ar athlá, rinne an TAC athbhreithniú ar a nósanna imeachta i dtaca le héisteachtaí a réachtáil agus thóg na céimeanna a leanas;

- Eisíonn an TAC fógraí faoi éisteachtaí idir 3 agus 6 mhí roimh ré, sa chaoi go mbeidh an t-am ann, má bhíonn cúrsaí le cur ar athlá, achomharc eile a réachtáil ar lá an achomhairc a bhí le cur ar athlá
- Mhéadaigh an TAC an líon achomharc a sceidealaíodh le héisteacht le súil go gcuirfí cuid de na achomhairc ar athlá

Faoi dheireadh 2019, bhí 112 achomharc breise ar sceideal 2020. Baineann na hachomhairc seo le 208 achomharc aonair le candam iomlán €181m i gceist, agus meastar go mbeidh 200 lá ag teastáil le hiad a éisteacht. Cuirfear éisteachtaí eile ar an sceideal in imeacht na bliana.

Tugann an tábla eolas maidir leis an gcandam cánach atá i gceist, i ndáil le hachomhairc a bhí le héisteacht in 2019;

Toradh*	Catagóir / Bliain a osclaíodh					Iomlán 2019	Candam** 2019 €000
	Iarmharach	Roimh bhunú	2016	2017	2018		
Le héisteacht ach curtha ar athló roimh éisteacht							
Glanta / Aistarraingte roimh éisteacht	13	3	4	5		25	348,831
Curtha ar athló roimh éisteacht							
- Ag Achomharcóir	35	8	15	16	1	75	270,777
- Ag Ioncam	24	4	7	11	2	48	76,625
- Ag an TAC			3	1		4	3,054
<i>Fo-iomlán</i>	72	15	29	33	3	152	699,287
A chuaigh ar aghaidh:**							
Socraithe				2		2	9
Glanta tar éis éisteachta	5	1	3			9	14,820
S949AA – Aistarraingte as neamhláithreacht	1	1	2			4	65
Tosaíodh an éisteacht ach cuireadh ar athló í	20	3	1	3	3	30	38,427
Críochnaíodh éisteacht le haghaidh socrú a dhéanamh	11	3	2	5	6	27	98,744
<i>Fo-iomlán</i>	37	8	8	10	9	72	152,065
Iomlán	109	23	37	43	12	224	851,352

* Is féidir go mbeadh athrú tagtha ar stádas achomhairc luaite thuas e.g. is féidir i gcás achomharc atá luaite thuas mar 'críochnaithe le haghaidh socrú a dhéanamh' go mbeadh an socrú déanta faoi thráth foilsithe na tuarascála seo.

** Féach nóta 1 ar lch 47 a leagann amach conas a ríomhtar an figiúr 'candam faoi dhíospóid'.

Socruithe

I gCuid 40A, Caibidil 5 de TCA 1997 tá foráil déanta i dtaobh fógra agus foilsíú ar shocruithe ag an TAC. Cuireann alt 949AO ceangal ar na Coimisinéirí Achomhairc tuarascáil a fhoilsiú faoi gach ceann dá socruithe ar shuíomh gréasáin an TAC tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis do na páirtithe a bheith ar an eolas faoi sin. Tá leagtha amach thíos na mionsonruithe ar gach socrú a rinneadh in 2019 agus an tréimhse ábhartha foilsithe.

Líon socruithe a eisíodh in 2019						
	Líon Achomharc a Socraíodh			Líon Achomharc lenar bhain		
	2019	2018	2017	2019	2018	2017
Socruithe a eisíodh gan gá le héisteacht (s. 949U)	48	17	8	49	17	8
Socruithe a eisíodh bainteach le hachomhairc a éisteadh in 2019	16			21		
Socruithe a eisíodh bainteach le hachomhairc a éisteadh in 2018	3	18		4	18	
Socruithe a eisíodh bainteach le hachomhairc a éisteadh in 2017*	41	3	11	42	5	13
Socruithe a eisíodh bainteach le hachomhairc a éisteadh in 2016	3	4	15	3	4	19
IOMLÁN	111	42	34	119	44	40

* Bhí socrú amháin ann in 2019 a bhain le 32 achomharc aonair. De réir na reachtaíochta, eisíodh 32 socrú aonair.

San iomlán foilsíodh 71 socrú a eisíodh in 2019 ar shuíomh gréasáin an TAC roimh dheireadh na bliana. Foilsíodh 40 socrú ar an suíomh gréasáin go luath in 2020. Mar sin féin, bhí 8 socrú fanta ann a chuir deireadh 5 huaire le 5 achomharc breise agus bhí socrú amháin ann a chuir deireadh le 3 cinn d'achomhairc aonair.

Níl macalla sa tábla thuas ar chastacht gach achomhairc ná an t-am a bhí ag teastáil chun iad a éisteacht agus a shocrú. Leis an éifeachtúlacht a mhéadú agus le dícheall úsáide a bhaint as acmhainní an TAC, déantar Comhdhálacha Bainistithe Cásanna a sceidealú nuair is dealraitheach go mbeadh siad mar chabhair le hachomharc a chur chun cinn. Sa chás gur cuí, iarrtar ar pháirtithe leas a bhaint as an áis in alt 949U go n-eiseofaí socrú gan gá le héisteacht.

Tugann an tábla a leanas eolas faoin gcandam cánach faoi dhíospóid i ndáil le socrúithe a eisíodh in 2019 agus an catagóir/bliain a bhfuair TAC an t-achomharc:

	Catagóir / Bliain a fuarthas						Iomlán 2019	Candam* 2019 €000
	Iarmharach	Roimh bhunú	2016	2017	2018	2019		
Socrúithe a eisíodh gan gá le héisteacht (s. 949U)		1	7	14	19	8	49	430
Socrúithe a eisíodh bainteach le hachomhairc a éisteach in 2019	12	2		2	5		21	40,226
Socrúithe a eisíodh bainteach le hachomhairc a éisteach in 2018	2			1	1		4	757
Socrúithe a eisíodh bainteach le hachomhairc a éisteach in 2017**		39	2	1			42	17,906
Socrúithe a eisíodh bainteach le hachomhairc a éisteach in 2016		3					3	123
IOMLÁN	14	45	9	18	25	8	119	59,442

* Féach nóta 1 ar lch 47 a leagann amach conas a ríomhtar an figiúr 'candam faoi dhíospóid'.

** Bhí socrú amháin ann in 2019 a bhain le 32 achomharc aonair. De réir na reachtaíochta, eisíodh 32 socrú aonair.

Achoimre ar Shocrúithe a eisíodh in 2019 de réir cineál cánach				
	2019		2018	
Cineál Cánach*	Líon Achomharc a Socraíodh	Candam** €000	Líon Achomharc a Socraíodh	Candam** €000
IT	67	14,670	26	1,220
CBL	10	21,493	5	1,855
VRT	30	138	10	21
CT	4	6,562	1	188
Eile***	6	16,521		
CGT	1	21		
CAT	1	37	2	237
IOMLÁN	119	59,442	44	3,521

* Chun críche na hanailíse ar cheannteideal cánach rinneadh achomharc ina bhfuil níos mó ná ceannteideal amháin a ríomh mar aon le hachomharc arna chatagóru faoina phríomh-cheannteideal cánach. Is féidir teacht ar anailís ar ilchineálacha cánach níos faide anonn sa chaibidil seo.

** Féach nóta 1 ar lch 47 a leagann amach conas a ríomhtar an figiúr 'candam faoi dhíospóid'.

*** Cuimsíonn 'Eile' RCT, LPT, C&E, DIRT, PSWT, Dleacht Stampa agus DWT

Tugann an tábla a leanas léargas ar an líon iomlán achomharc a dúnadh in 2019:

Fáth ar Dúnadh Achomharc	Líon Achomharc a Dúnadh	Candam* €000
Socrúithe Déanta**	119	59,442
Díbhheadh	95	12,645
Tugadh le chéile	4	800
Diúltaithe	184	8,358
Glanta	730	351,253
Aistarraingte ag an Achomharcóir	452	232,596
IOMLÁN	1,584	665,094

* Féach nóta 1 ar lch 47 a leagann amach conas a ríomhtar an figiúr 'candam faoi dhíospóid'.

** Bhí socrú amháin ann in 2019 a bhain le 32 achomharc aonair. De réir na reachtaíochta, eisíodh 32 socrú aonair.

Comhdhálacha Bainistithe Cásanna in 2019

Le linn 2019, sceidealáíodh 39 Comhdhálacha Bainistithe Cásanna (CBC), a bhain do 65 achomharc. Bhain 23 de na CBCanna seo le 47 cás aonair. Mhair na CBCanna idir níos lú ná uair an chloig agus dhá lá; níos lú ná lá a mhair a mbunús. Fuarthas gur mó an leas a bhí le CBCanna maidir le seanachomhairc a chur chun cinn nó sa chás go raibh constaic gan sárú in achomharc.

D'fhéadfaí na nithe seo a leanas a phlé ag CBC:

- soiléiriú a dhéanamh ar na saincheistanna idir na páirtithe agus teacht ar réimsí inarbh fhéidir teacht ar chomhaontú;
- aon ábhar scríofa breise a aithint a bheadh le tabhairt isteach ag ceachtar páirtí roimh an éisteacht;
- an t-am a bheadh de dhíth ar an dá pháirtí ábhar breise scríofa a réiteach a bheidh riachtanach don éisteacht;
- cé acu a bheadh, nó nach mbeadh sé úsáideach roimh an éisteacht leagan comhaontaithe de na fíricí a bheith scríofa nó aon chur chuige comhaontaithe eile maidir le fianaise scríofa nó argóintí dlíthiúla a tharraingt le chéile a bheadh le cur faoi bhráid na héisteachta;
- a dhearbhu go bhfuil na treoracha ar fad a d'eisigh na Coimisinéirí Achomhairc san achomharc comhlíonta;
- an gá, chomh maith le soláthar an ábhair scríofa, aon chéim eile a thógáil roimh an éisteacht;
- meastachán a dhéanamh ar an am is gá don éisteacht;
- teacht ar am agus dáta le haghaidh na héisteachta atá oiriúnach do gach páirtí;
- déileáil le saincheistanna tosaigh an cháis.

Tugann an méid seo a leanas eolas faoi thorthaí na CBCanna a bhí le reáchtáil in 2019:

Toradh	Líon CBC a tionóladh		Líon Achomharc dar bhain	
	2019	2018	2019	2018
Sceidealaithe ach ar athló roimh CBC:				
Glanta / Aistarraingte roimh CBC	2	13	2	28
Ar athló roimh CBC	14	36	16	186
<i>Fo-iomlán</i>	16	49	18	214
Chuaigh ar aghaidh				
Glanta / Aistarraingte tar éis CBC	1	10	1	28
Díbheadh		17		18
Socrú le teacht gan gá dul chun éisteachta	1	3	4	4
CBC le sceidealú arís	2	28	2	114
Éisteacht le sceidealú arís	5	39	22	195
Ag dul ar aghaidh	14	13	18	27
<i>Fo-iomlán</i>	23	110	47	386
IOMLÁN	39	159	65	600

Ainneoin gur 39 a bhí ar an sceideal in 2019, cuireadh 14 ar athlá sular tionóladh CBC. I ngeall ar an méadú ar an gcur ar athlá, rinne TAC athbhreithniú ar a nósanna imeachta ó thaobh CBCanna a sceidealú agus thóg na céimeanna a leanas;

- Eisíonn TAC fógraí faoi CBC anois idir 3 agus 6 mhí roimh ré sa chaoi gur féidir, más rud é go gcuirfear ar athlá é, CBC nó éisteacht eile a sceidealú nó in ionad an CBC a chuirfí ar athlá.
- Mhéadaigh TAC an líon CBCanna a sceidealáíodh ar an tuiscint go mbeadh roinnt curtha ar athlá.

Tugann an tábla a leanas eolas faoi chatagóir/bliain a sceidealaiigh an TAC CBC in 2019:

Toradh*	Catagóir / Bliain a Fuarthas					Iomlán do 2019	Candam** 2019 €000
	Legacy	Pre-Est't	2016	2017	2018		
Sceidealaithe ach ar athló roimh CBC:							
Glanta / Aistarraingte roimh CBC		1		1		2	19,130
Ar athló roimh CBC	3	4	6	1		14	49,770
<i>Fo-iomlán</i>	3	5	6	2		16	68,900
Chuaigh ar aghaidh							
Glanta / Aistarraingte tar éis CBC	1					1	190
Socrú le teacht gan gá dul chun éisteachta	1					1	20,568
CBC le sceidealú arís			2			2	
Éisteacht le sceidealú arís	3	2				5	46,289
Ag dul ar aghaidh	2	2	1	3	6	14	12,061
<i>Fo-iomlán</i>	7	4	3	3	6	23	79,108
IOMLÁN	10	9	9	5	6	39	148,008

* Is féidir go mbeadh athrú tagtha ar stádas achomhairc luaite thuas e.g. is féidir i gcás achomharc atá luaite thuas mar 'críochnaithe le haghaidh socrú a dhéanamh' go mbeadh an socrú déanta faoi thráth foilsithe na tuarascála seo.

** Féach nóta 1 ar lch 47 a leagann amach conas a ríomhtar an figiúr 'candam faoi dhíospoíd'.

Dul chun Cinn ar Achomhairc le linn 2019

Chomh maith le 1,584 achomharc a dhúnadh in 2019, rinne TAC na nithe seo a leanas:

- D'eisigh 552 iarratas ar Ráiteas Cáis ó Achomharcóirí i ndáil le 484 achomharc agus 528 ó na Coimisinéirí Ioncaim, i ndáil le 480 achomharc aonair
- D'eisigh 39 iarratas ar Imlíne Argóna ón Achomharcóir i ndáil le 35 achomharc aonair agus 38 iarratas ó Ioncam, i ndáil le 35 achomharc aonair
- Chomhlíon 349 iarratas (a rinne Coimisinéirí Ioncaim nó Achomharcóirí) ar shíneadh ama le teacht le treoir ón TAC, i ndáil le 228 achomharc
- Chomhlíon iarratas ar bhac sa phróiseas 39 babhta, i ndáil le 36 achomharc
- Thionóil 39 Comhdháil Bainistithe Cáis, i ndáil le 65 achomharc
- Liostaigh 224 éisteacht i ndáil le 624 achomharc
- D'eisigh 111 socrú i ndáil le 119 achomharc.

Seo thíos mar atá cúrsaí ag deireadh na bliana:

Catagóir	Líon Achomharc ar Láimh		Dífeár
	Deireadh 2018*	Deireadh 2019	
Iarmharach	731	526	(205)
Roimh Bhunú	170	96	(74)
2016	278	192	(86)
2017	1,082	878	(204)
2018	1,198	841	(357)
2019		837	837
IOMLÁN	3,459	3,370	(89)

* Rinneadh athbhreithniú in 2019 ar gach cás a osclaíodh agus a dúnadh ar an gCóras Bainistithe Cásanna ó 21 Márta 2016. Rinneadh athbhreithniú faoi leith ar gach achomharc aonair. Rinneadh anailís ar aon mhíreir nó aon dúbailt agus leasaíodh sin dá réir, rud a fhágann nach ionann go díreach na figiúirí thuas agus an figiúr i dTuarascáil Bhliantúil 2018.

Comhfhreagras an TAC maidir le hachomhairc a chur chun cinn in 2019			
	Achomharcóir	Ioncam	Iomlán
Líon síntí dar toilíodh	180	169	349
Líon iarratas ar eolas breise	259	87	346
Líon iarratas ar bhac dar toilíodh	22	17	39
Líon ráiteas faoi chás a iarradh	552	528	1,080
Líon imlínte argóna a iarradh	39	38	77

Rialachas agus Riarachán

Tiocfaidh athrú in 2020 ar struchtúr rialachais an Choimisiúin um Achomhairc Chánach nuair a cheapfar Cathaoirleach de réir an Achta Airgeadais (Rialacháin Achomhairc Cánach agus Réamheolaire) 2019. Tosaíodh ar earcaíocht don phost seo in Eanáir 2020.

Faoi láthair, tá beirt Choimisinéirí Achomhairc sa Choimisiún um Achomhairc Chánach. Luaitear go sonrach a bpríomhfheidhmeanna in alt 6 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015. Anuas ar a gcuid oibre i ndáil le próiseáil, moltóireacht agus socrú na n-achomhairc, tá na Coimisinéirí Achomhairc freagrach as reáchtáil chuí, éifeachtach éifeachtúil an Choimisiúin.

Faoin Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015, bíonn seal seacht mbliana ag na Coimisinéirí um Achomhairc agus tá siad cuntasach don Aire Airgeadais agus, tríd an Aire sin, don Oireachtas maidir lena bhfeidhmiú. Mar sin de, ní mór dóibh tuarascáil bhliantúil a leagan faoi bhráid an Aire ar an 31 Márta gach bliain, nó roimhe sin, ar ghnóthaí na bliana roimhe; is ag comhlíonadh an dualgais sin atáthar leis an tuarascáil seo. Tá na Coimisinéirí cuntasach chomh maith i ndáil le haon tuarascálacha eile a d'iarrfadh an tAire de bhun alt 21 d'Acht 2015.

Is comhlacht de chuid na Státseirbhíse é an Coimisiún, faoi choimirce na Roinne Airgeadais agus dá réir sin, ó thaobh a bhainistíochta agus a oibríochtaí de, tá sé faoi threoir ag Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse. Déanfar an Cód Rialachais, atá bunaithe ar an gCód Caighdeán, a nuashonrú tar éis cheapachán an Chathaoirligh de réir mar a fheidhmeofar na moltaí atá i dTuarascáil O'Donoghue.

Córas Bainistithe Cásanna

I Meán Fómhair 2019, cheap an Coimisiún um Achomhairc Chánach (TAC) bainisteoir nua TEF agus dualgas air an córas reatha bainistithe cásanna (CMS) a leasú agus a chothabháil. In R4 2019, thosaigh an Coimisiún ar thionscnamh a dhéanadh luacháil ar an bhféidearthacht córas nua bainistithe cásanna a fhorbairt a d'fhéadfadh tacú leis an TAC agus é ag iarraidh a chuid cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach, de réir mar a moladh i dTuarascáil O'Donoghue.

In 2019, rinneadh leasú agus cothabháil ar an gcóras bainistithe cásanna a úsáidtear sa TAC sna réimsí tábhachtacha seo a leanas:

- Tuairisciú: Leasú ar staidreamh, ar am seachadta, éascaíocht úsáide agus soláthar tuairiscí.
- Leasuithe ar phróiseas: uathobriú leasaithe ar bhainistiú cásanna.
- Slándáil.

Díríodh go sonrach ar an tuairisciú le linn 2019, óir is fearr i ngeall ar chruinntuairisciú a bheas an táirgiúlacht, an anailís agus an déanamh cinntí, agus an chumarsáid eagraíochta. Úsáidtear

tuairiscí a ghintear chun monatóireacht agus feabhsú a dhéanamh ar an soláthar laistigh den TAC agus chun faisnéis a ghiniúint is gá chun tuairisciú do chomhlachtaí eile rialtais, m.sh. an Roinn Airgeadais nó comhaltaí Oireachtais.

Tá de chuspóir ag an bhforbairt ar chóras bainistithe cásanna an TAC ná feabhsú a dhéanamh ar an soláthar seirbhísí do pháirtithe leasmhara, tuilleadh céimeanna sa phróiseas achomhairc a dhéanamh go huathoibríoch, faisnéis níos cothroime le dáta a chur ar fáil, staidreamh iontaofa agus tráthúla a chur ar fáil chun bainistíocht an phróisis achomhairc a éascú, agus chun an tuairisciú a éascú do pháirtithe leasmhara seachtracha.

Tá roinnt leasuithe eile beartaithe i réimse an TEF in 2020, mar atá Bonneagar, Líonra, Teileachumarsáid, Slándáil agus Crua-Earraí.

Bainistíocht Cásanna agus Sceidealú

I Meán Fómhair 2019, ceapadh beirt Choimisinéirí Sealadacha Achomhairc sa Choimisiún Achomhairc um Chánach (duine amháin acu páirtaimseartha). Thosaigh Coimisinéir eile Sealadach Achomhairc ina phost i Nollaig 2019. Dá bharr sin bhí deis tuilleadh éisteachtaí a réachtáil agus socrúithe a chur chun cinn faoi ghnás alt 949U (moltóireacht gan éisteacht).

Le linn 2019, bhí i gceist 224 éisteacht a réachtáil i ndáil le 624 achomhairc agus candam iomlán €851 milliún ann, thar 377 lá d'éisteachtaí. In 2018, bhí i gceist 167 éisteacht i ndáil le 248 achomhairc agus candam iomlán €58 milliún ann, agus sin thar 202 lá d'éisteachtaí. Cé go raibh ganntanas seomraí éisteachta ann in 2018, ba mhó an líon éisteachtaí casta a sceidealáidh in 2019, rud ab fhíor chomh maith i dtaca leis an gcandam iomlán airgid a bhí faoi achomhairc i ndáil leis na hachomhairc in 2019. Is idir leathlae agus trí seachtaine a mhair na héisteachtaí.

Tionóladh 39 Comhdháil Bainistithe Cásanna (CBC) maidir le 65 achomhairc in 2019 agus candam €148 i gceist. I gcomparáid leis sin, bhí i gceist 159 CBC a réachtáil in 2018. Fuarthas gur mó an leas a bhí le CBCanna maidir le seanachomhairc a chur chun cinn nó sa chás go raibh constaic gan sárú in achomhairc. Dá thoradh sin, bhí líon mór achomhairc iarmharach ar an sceideal do 2018. Ní raibh an call céanna ann CBCanna a réachtáil in 2019.

Ó dheireadh 2019 amach, tá i gceist 110 éisteacht bhreise a réachtáil in 2020 i ndáil le 188 achomhairc aonair le candam €188 milliún. Tá spás cruthaithe ag an aonad sceidealaithe sa sceideal tar éis na héisteachta, le go mbeidh deis ag na Coimisinéirí a gcuid socrúithe scríofa a dhréachtú. Sa chás go nglantar achomhairc sceidealaithe, tá pleanáil déanta ag an aonad sceidealaithe a dhéanann foráil ar achomhairc eile a sceidealú más gearr féin an fógra.

Cód Rialachais agus Ráiteas Straitéise

D'fhoilsigh an Coimisiún um Achomhairc Chánach Ráiteas Straitéise trí bliana in 2017 agus

clúdaítear ann tréimhse 2017-2020. Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas Straitéise i gcomhar le hathleasú ar an gCód Rialachais tar éis cheapachán an Chathaoirligh

Bainistiú Riosca agus Iniúchadh Inmheánach

Bainistiú Riosca

Le linn 2019, bhunaigh an Coimisiún um Achomhairc Chánach (TAC) Coiste Iniúchta agus Riosca. Ba é an Príomh-Oifigeach Oibríochtaí a rinne comhordú ar an bpróiseas. Bhí a chéad chruinniú ag an gcoiste i nDeireadh Fómhair 2019.

Réitíodh dréacht-chlár rioscaí corparáideacha roimh chruinniú na Nollag den ARC. Sainithníodh na rioscaí straitéiseacha agus oibríochtúla agus rinneadh luacháil orthu i bhfianaise chuspóirí an Choimisiúin um Achomhairc Chánach mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2017-2020.

Sainithníonn an clár rioscaí na rioscaí is tábhachtaí atá os comhair an Choimisiúin um Achomhairc Chánach. Tá luacháil agus grádú déanta ar na rioscaí seo de réir a dhóchúla atá siad agus a dtionchair. Tá mionsonraí sa chlár rioscaí ar na gníomhartha is gá chun na rioscaí a mhaolú.

Tar éis a athbhreithnithe ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach, cuireadh an dréacht-chlár rioscaí faoi bhráid an ARC. Rinne an ARC athbhreithniú ar an gclár rioscaí i Nollaig 2019 agus thug aiseolas don Choimisiún.

Tá an Coimisiún um Achomhairc Chánach faoi láthair ag ceapadh agus ag bailchríochnú Polasaí agus Córas Bainistithe Riosca. Ach a mbeidh sin críochnaithe amach, cuirfear i bhfeidhm é chun monatóireacht agus uasdátú a dhéanamh ar chlár riosca an TAC lena chinntiú go ndéantar bearta oiriúnacha chun rioscaí a mhaolú a d'fhéadfadh dul i dtionchar ar chuspóirí an TAC.

In 2019 cláraíodh Oifigeach um Chosaint Sonraí leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí chun an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (GDPR) a chomhlíonadh. Cuireadh oiliúint bhreise ar an Oifigeach um Chosaint Sonraí. Chuir duine ar iasacht ón Roinn Airgeadais tacaíocht ar fáil maidir le polasaithe agus próisis chosanta sonraí, lena n-áirítear Polasaí Cosanta Sonraí. Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann ar fad ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach i dtaca le GDPR agus tá siad ar fad ar an eolas faoi phróisis an pholasaí.

Iniúchadh Inmheánach

Le linn 2019 d'eisigh na hiniúcháirí inmheánacha tuarascálacha i ndáil leis na nithe seo a leanas:

-
- Athbhreithniú ar bhainistiú Taifead agus ar chórais, pholasaithe agus phróisis maidir leis an tSaoráil Faisnéise.
 - Athbhreithniú ar a Éifeachtaí atá Rialúcháin Inmheánacha

I mí Mheán Fómhair 2019, rinneadh próiseas tairisceana le haghaidh seirbhísí iniúchta inmheánacha tríd an Oifig Soláthair Rialtais (OGP). Bronnadh an conradh agus cuirfidh na hIniúcháirí a bplean trí bliana faoi bhráid an Choimisiúin um Achomhairc Chánach agus an ARC go luath in 2020.

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tar éis iniúchadh eatramhach agus iniúchadh deiridh a dhéanamh i ndáil leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2018, d'eisigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste a thuairim ar an gCuntas Leithreasaithe, an Ráiteas faoi Smacht Airgeadais Inmheánach, agus cúrsaí eile ar 23 Meán Fómhair 2019.

Bhí an ARCC ar aon intinn go bhfuil ionadaíocht chuí sna Cuntais Leithreasaithe a réitigh an Coimisiún ar na hAdmhálacha agus Caiteachas Vóta 10 – Coimisiún um Achomhairc Chánach don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018. Thug ARCC an tuairim uathu go bhfuair siad dóthain fianaise cuí agus iad i mbun iniúchta. Maidir leis an Ráiteas faoi Smacht Airgeadais Inmheánach, níl de dhualgas ar an ARCC tuairisciú a dhéanamh i ndáil leis an bhfaisnéis laistigh den ráiteas sin ach amháin i gcás eisceachta. Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 dúirt an ARCC '*nach raibh aon bhlás le tuairisciú i ndáil leis sin*'.

Tharla iniúchadh an ARCC i ndáil leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2019 in Eanáir/Feabhra 2020 agus beidh an t-iniúchadh deiridh ag an ARCC ar siúl tar éis 31 Márta 2020.

Acmhainní Daonna

Tá dualgas ar an Oifigeach Acmhainní Daonna maidir le soláthar an ról Acmhainní Daonna (HR) sa Choimisiún um Achomhairc Chánach. Déantar é seo i gcomhar le seirbhísí eile a sholáthraíonn na Coimisinéirí Ioncaim faoi Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse (SLA). Forálann an SLA go dtabharfaidh Ioncam tacaíocht riaracháin don ról HR sa Choimisiún um Achomhairc Chánach.

In 2019, thacaigh an tOifigeach HR leis an bpróiseas PMDS a fheidhmiú agus a riachtanais oiliúna agus forbartha a chomhlíonadh. Seo a leanas na réimsí inar cuireadh oiliúint ar fáil: TEF, bainistiú riosca, GDPR, HR, agallamh a chur, cumarsáid, bainistiú tionscnaimh agus ionductú. Thug na Bainisteoirí Cáis sa TAC modúil oiliúna istigh sa teach ar shainréimsí cánach. Thug an Roinn Airgeadais tacaíocht bhreise don TAC maidir lena chuspóirí oiliúna a chur chun cinn trína éascú d'fhoireann an TAC freastal ar an gcúrsa Dioplóma i mBeartas agus i gCleachtas Cánach.

I mí an Mhárta 2019 ghlac an TAC córas coimeáda ama agus freastail de láimh do na gráid Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin agus faoi sin. Tacaíonn an córas leis an gCoimisiún an tAcht um Eagrú Ama Oibre. Tá conradh socraithe anois chun córas leictreonach a chur isteach go luath in 2020.

In 2019 ní raibh teacht fós ag an gCoimisiún ar an ardán Seirbhísí Comhroinnte HR. Mar sin féin, tá nasc cumarsáide idir Seirbhísí Comhroinnte HR agus an Coimisiún um Achomhairc Chánach agus déantar taifid a nuashonrú de láimh. Déanann Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla bainistiú ar phárolla an Choimisiúin um Achomhairc Chánach.

Earcaíocht

In 2019, d'iarr an Coimisiún um Achomhairc Chánach (TAC) lena fhoireann a mhéadú tríd an earcaíocht de réir na moltaí a bhí i dTuarascáil O'Donoghue. Dhearbhaigh an tAire Airgeadais, an tUas. Pascal Donohoe T.D. ceapachán triúr Coimisinéirí Achomhairc Sealadacha. Tar éis an dearbhaithe sin, ceapadh beirt Choimisinéirí lánaimseartha agus Coimisinéir amháin páirtaimseartha sa TAC in R3 agus R4 de 2019.

Thosaigh Príomh-Oifigeach Oibríochtaí ag leibhéal Príomh-Oifigigh ag obair sa TAC Feabhra 2019. Roimhe sin bhí beirt Phríomh-Oifigeach ar iasacht sa ról ón Roinn Airgeadais ar bhonn conartha téarma sheasta.

In 2019, mhéadaigh an TAC a líon foirne tríd an earcaíocht ó phainéil Ceapachán Seirbhíse Poiblí. Ceapadh triúr Príomh-Oifigeach Cúnta, duine amháin ina Bhainisteoir TEF, ó Phainéil Ceapachán Seirbhíse Poiblí (PAS). Rinneadh Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin, ceathrar Oifigeach Feidhmiúcháin agus ceathrar Oifigeach Cléreachais a earcú chomh maith tríd an PAS.

Reáchtáladh dhá chomórtas inmheánacha sa TAC in 2019, ceann le haghaidh ardú céime ó Oifigeach Cléreachais go hOifigeach Feidhmiúcháin agus rinneadh ceapachán amháin ón gcomórtas seo. Reáchtáladh comórtas eile le haghaidh ardú céime ó Oifigeach Feidhmiúcháin go hArd-Oifigeach Feidhmiúcháin agus rinneadh dhá cheapachán ón bpainéal seo. Reáchtáladh an dá chomórtas seo de réir threoirilíní Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin sa tSeirbhís Phoiblí (CCSP).

Bhí foráil san Acht Airgeadais (Rialacháin Achomhairc Chánach agus Réamheolaire) 2019, a tháinig i bhfeidhm i mí na Nollag 2019, ar Chathaoirleach a cheapadh sa TAC. Tosaíodh ar an bpróiseas earcaíochta i mí Eanáir 2020. Tá súil ag an TAC go mbeidh a líon iomlán foirne ann faoin 2020.

Tuarascálacha Alt 21

Chuir na Coimisinéirí um Achomhairc Tuarascáil Bhliantúil 2018 i láthair an Aire Airgeadais i Márta 2019, mar chomhlíonadh alt 21(1) den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015.

Le linn 2019 ní dhearna na Coimisinéirí aon tuarascáil don Aire Airgeadais de bhun alt 21(5) d'Acht 2015, agus níor iarr an tAire go gcuirfí aon tuarascáil isteach de bhun alt 21(6) den Acht.

Teagmháil le 3ú Páirtithe

Bhí teagmháil shuntasach ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach le 3ú Páirtithe le linn 2019, lena n-áirítear na dreamanna seo:

- Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim;
- Oifig na nOibreacha Poiblí;
- Oifig an tSoláthair Phoiblí;
- Oifig an Ard-Reachtair Cuntais agus Ciste;
- Seirbhís na gCeapachán Poiblí;
- Institiúid Chánach na hÉireann;
- Binse Cánach na Ríochta Aontaithe;
- Gníomhaireacht Chánach Náisiúnta na Seapáine;
- Cumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna Cánach;
- An Chartlann Náisiúnta;

Bhí an-toradh ar na caidrimh oibre seo agus leanadh dóibh sa chaoi go mbeidh bunús níos láidre ag an gCoimisiún ónar féidir a oibríochtaí a leasú in 2020. Leanfaimid den obair i gcomhar leis na forais seo le torthaí atá le leas na ndreamanna ar fad a chur chun cinn.

Soláthar

Rinne an Coimisiún roinnt gníomhartha soláthair le linn 2019. Orthu sin bhí na nithe seo a leanas:

- Seirbhísí Dlíthiúla;
- Seirbhísí Iniúchta Inmheánaigh;
- Córas Ama agus Tinrimh;
- Bogearraí/Crua-earraí TFC;
- Tuarascáil Bhliantúil a Dhearadh agus a Chló

Rinneadh gach iarratas ar fhreastal de réir Chreat Soláthair an Rialtais, an córas ríomhfhreastail, nó de réir treoracha soláthair sa chás gur lú ná an tairseach mholta a bhí luach an fhreastail.

Athbhreithniú ar Ualach Oibre agus ar Oibríochtaí an Choimisiúin um Achomhairc Chánach

Foilsíodh tuarascáil ar ualach oibre agus ar oibríochtaí an Choimisiúin um Achomhairc Chánach le Niamh O'Donoghue, iar-Ard-Rúnaí ar an Roinn Coimirce Sóisialaí, i nDeireadh Fómhair 2018. Bhí líon moltaí sa Tuarascáil i ndáil le foireann, le hacmhainní, le rialachas agus le hoibríochtaí. Chuir an Coimisiún um Achomhairc Chánach fáilte roimh an tuarascáil agus rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2019 chun na moltaí ann a chur i bhfeidhm le tacaíocht an Aire agus na Roinne Airgeadais.

De réir moltaí na Tuarascála, rinneadh leasuithe i réimsí an rialachais, struchtúr na heagraíochta, bainistiú cásanna, tacaíochtaí corparáideacha agus oibríochtaí. In 2020, leanfaidh an Coimisiún um Achomhairc Chánach de bheith ag obair i dtreo na leasuithe a moladh sa Tuarascáil a a chur i gcrích, go háirithe maidir leis an TEF agus an próiseas a leasú.

Cistiú agus Caiteachas

Maoinítear an Coimisiún um Achomhairc Chánach trí Vóta 10 na Meastachán faofa ag Dáil Éireann. Tá méadú suntasach le blianta beaga anuas ar na leithdháiltí don Choimisiún agus dá réamhtheachtaí, an OAC, i ngeall go príomha ar chaiteachas méadaithe ar fhoireann agus ar chóras TF a tháinig leis an athchóiriú ar an gcóras achomharc cánach. Ba iad €1.605 milliún agus €1.626 milliún agus €3.208 milliún faoi seach na leithdháiltí ('na Meastacháin') don Choimisiún in 2017 agus 2018 agus 2019.

Leagann an tábla seo thíos amach anailís ar chaiteachas an TAC ar riaracháin in 2019.

Ábhar an Chaiteachais	2019 Measta	2019 Fíor	2018 Fíor	2017 Fíor
	€000	€000	€000	€000
Tuarastal, pá agus liúntais	2,508	1,407	1,148	753
Taisteal agus cothú	40	2	4	1
Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	100	73	98	91
Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	20	13	8	9
Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TEF	420	162	117	252
Caiteachas ar áitreabh oifige	50	23	4	16
Comhairleoireacht agus seirbhísí eile	70	93	48	0
Caiteachas Iomlán	3,208	1,773	1,426	1,122

De réir fhorálacha an Achta um Ard-Reachtair Ciste agus Cuntais (Leasú) 1993, tá Oifigeach Cuntais an Choimisiúin freagrach as an gCuntas Dílsithe do Vóta 10 a réiteach agus a chur isteach chuig an Ard-Reachtair Cuntais agus Ciste faoin 31 Márta gach bliain. Tá sé seo déanta i leith 2019 agus táthar ag súil go mbeidh cuntais iniúchta an Choimisiúin foilsithe ag an Ard-Reachtair Ciste agus Cuntais níos déanaí sa bhliain mar chuid dá thuarascáil do 2019 ar chuntais na seirbhíse poiblí.

Aguisín - Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí

Tá an Coimisiún um Achomhairc Chánach tiomanta do chaighdeán ard seirbhíse a chur ar fáil de réir na bprionsabal, na gcleachtas agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Chaighdeán don Rialachas Corparáideach sa Státseirbhís agus, go sonrach, leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Oibríonn an TAC de réir na bprionsabal i dtaca le Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí atá faofa ag an Rialtas.

Cuireann an oifig seo próiseas achomharc neamhspleách ar fáil maidir le díospóidí cánach a éisteacht agus moltóireacht a dhéanamh orthu, sa chaoi go n-éistimid agus go socraímid achomhairc ar chinntí agus ar shocruithe na gCoimisinéirí loncaim, maidir le cáin agus dleacht.

Leagann an Chairt seo amach na caighdeáin is rún dúinn a chomhlíonadh maidir lenár bhfeidhm dhleachtach. Déanfaimid ár bhfeidhmiú a thomhas agus a luacháil agus déanfaimid tuarascáil ar na torthaí gach bliain sa Tuarascáil Bhliantúil.

Teagmháil Teileafóin

Sa chás go ndéanfaidh tú teagmháil teileafóin le TAC, déanfaimid tréaniarracht na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- do ghlaio a fhreagairt chomh luath agus is féidir;
- ár n-ainm agus ár réimse oibre a thabhairt ar fhreagairt do ghlaio dúinn;
- bheith cúirtéiseach cuidiúil i rith ama;
- do cheist a fhreagairt go hiomlán nó, sa chás nach féidir sin, do mhionsonraí a thógáil agus glaoch ar ais ort chomh luath agus is féidir;
- gach teachtaireacht ghlórphoist a fhreagairt go pras.

Comhfhreagras Scríofa

Má chuireann tú litir, facs nó ríomhphost chugainn, déanfaimid tréaniarracht na nithe a leanas a dhéanamh:

- a chinntiú go bhfaighidh tú freagra iomlán tráth nach déanaí ná 20 lá oibre;
- ainm teagmhála, uimhir thagartha (más cuí) agus sonraí eile teagmhála a chur leis (teileafón, facs, r-phost);
- scríobh chugat i dteanga shimplí shoiléir gan téarmaí teicniúla a úsáid, seachas nuair is gá.

Gearáin leis an TAC

Má dhéanann tú gearán leis an TAC, faoinár ngníomhartha, déanfaimid iarracht na nithe a leanas a dhéanamh:

-
- do ghearán a admháil tráth nach déanaí ná seacht lá;
 - a insint duit cá fhad a d'fhéadfadh sé glacadh orainn an gearán a scrúdú;
 - tú a choinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn an scrúdaithe;
 - tú a chur ar an eolas chomh pras agus chomh soiléir agus is féidir faoi thoradh an scrúdaithe.

Cuairteoirí ar an TAC

Má thagann tú ar cuairt chuig an TAC, déanfaimid na nithe seo:

- caitheamh leat go cúirtéiseach, i gcead do do phríobháideacht, oiread agus is féidir, agus a bheith cothrom sa phlé a bheidh againn leat;
- bualadh leat ag an am comhaontaithe, sa chás go mbeidh coinne agat;
- ár ndícheall a dhéanamh áiseanna cuí a chur ar fáil le haghaidh éisteachta nó cruinnithe, sa chás;
- ár n-oifigí poiblí a choinneáil néata glan, á chinntiú go bhfuil siad ag teacht le caighdeáin sláinte agus sábháilteachta.

Cothromas/Éagsúlacht

- Táimid tiomanta do chaighdeán ardcháilíochta a chur ar fáil a thacaíonn le cearta duine aonair go gcaithfí go cothrom leis de réir reachtaíochta um chothromas; beidh sé mar sprioc againn a chinntiú go mbeidh seirbhísí agus saoráidí inrochtana ag cách, iad siúd a bhfuil sainriachtanais acu san áireamh.

Seirbhís as Gaeilge

Má iarrann duine a dhéanann teagmháil leis an gCoimisiún um Achomhairc Chánach seirbhís trí Ghaeilge, déanfaimid ár ndícheall teagmháil as Gaeilge a dhéanamh leis an duine; sa chás nach mbeimid ábalta, déanfaimid ár ndícheall seirbhísí ateangaire a fháil.

Nós Imeachta Athbhreithnithe

Bíonn beartas agus nósanna imeachta an TAC faoi athbhreithniú leanúnach ag an mbainistíocht laistigh den eagraíocht agus tá siad faoi réir ag iniúchadh seachtrach an ARCC.







